
Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018




## BEATHA a chumasú

# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** 2

**Tuarascáil an Chathaoirligh** 4

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** 10

**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch** 12

**Oibríochtaí** 13
Seirbhísí do Dheontóirí 14
Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil 20
An tSaotharlann Comhchodanna 21

**Tástáil** 26
Saotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (NAT) 26
SNTIH 27
An tSaotharlann Víreolaíochta 28
RCI Baile Átha Cliath 30
Gníomhaíocht Saotharlainne 30
Diagnóisic/Crosmheaitseáil Chorcaí 31
Grúpáil Deontóirí 33

**Seirbhísí Eile** 34
An Banc Fíocháin 34
An tSeirbhís Aifiréise Teiripí Corcaigh 34
An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) 38
Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann 39

**Cáilíocht & Cloí** 40

**Acmhainní Daonna** 42

**Airgeadas** 46

**Sonraí teagmhála** 47



# Réamhrá

Ceapadh mé mar Chathaoirleach ar Bhord Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann nuair a chuaigh an tOllamh Anthony Staines ar scor in Iúil 2018 tar éis dom a bheith mar chomhalta den Bhord i rith na gcúig bliana roimhe sin. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Anthony as a cheannaireacht ar an eagraíocht le linn na sé bliana a raibh sé mar Chathaoirleach. Shocraigh sé caighdeán ard domsa, trína thiomantas, a chuid fuinnimh, agus a chuid eolais ar shláinte phoiblí. Guíonn an Bord agus an fhoireann gach rath air ina shaothar sa todhchaí.

Is eagraíocht uathúil í SFÉ. Cé go bhfuilimid in ann an bealach a phróiseálaimid is a dháilimid táirgí fola a rialú nílimid in ann an soláthar a rialú agus táimid ag brath go hiomlán ar spiorad pobail daoine ar fud na tire chun freastal ar ár n-ionaid agus ar ár gclinicí soghluaiste. Tagann riar maith acu, lá i ndiaidh lae, mar tá a fhios acu go mbíonn an gá le fuil buan i rith na bliana, agus táimid an-bhuíoch as a bhflaithiúlacht.

Nuair a ghlac mé leis an ról, bhí a fhios agam gurbh é an chuid ba thaitneamhaí den phost ná gradaim a bhronnadh ar na deontóirí a shroich an chloch mhíle de 50 nó 100 deonú. Suíonn na deontóirí síos le deontóirí eile a bhfuil aithne acu orthu nó go mb'fhéidir nach bhfuil, ag na searmanais sin agus bíonn ceangal eatarthu ar an bpointe de bharr a dtiomantais roinnte. Téann an chomrádaíocht shoiléir idir foireann SFÉ agus na deontóirí fadtéarmacha atá anois ina gcairde tar éis a bheith ag bualadh le chéile ag clinicí thar bhlianta fada i gcion orm ag na himeachtaí sin; Tá sé fíor-shoiléir nach 'díreach jab amháin' é do chuid mhaith dár bhfoireann.

### Ba bhliain ghnóthach a bhí ag SFÉ in 2018. Ar na príomhimeachtaí bhí:

- Chuir Stoirm Emma triail dháiríre orainn i Márta maidir lenár gcuid ullmhúchán d'éigeandáil, agus d'oibrigh an fhoireann agus an bhainistíocht gan staonadh chun leanúnachas sholáthar fola a chinntiú i gcúinsí dúshlánacha. De bharr gur cuireadh 14 chlinic ar ceal, rinneadh achainí ag tús mhí an Mhárta agus d'fhreagair ár ndeontóirí go díograiseach chun soláthar fola a thabhairt ar ais chuig na gnáthleibhéil.
- Leanamar ag rolladh amach ár seirbhísí d'othair haemacrómatóise sheasmhacha ar fud na tíre agus thugamar an obair seo chun críche i R4. Táimid in ann féithligean rialta a thairiscint in aisce anois inár gclinicí i gcomhair othair



*“Téann an chomrádaíocht shoiléir idir foireann SFÉ agus na deontóirí fadtéarmacha atá anois ina gcairde tar éis a bheith ag bualadh le chéile ag clinicí thar bhlianta fada i gcion orm ag na himeachtaí sin; Tá sé fíor-shoiléir 'nach jab amháin' é do chuid mhaith dár bhfoireann.”*

haemacrómatóise ar mhaith leo a bheith mar dheontoirí fola.

- Tá go leor ama caite lena chinntiú go mbeidh an eagraíocht chomh hullmhaithe is ar féidir léi faoi choinne imeacht na Breataine ón AE. Chomhoibrigh Seirbhís Aistriúchán Fola na RA linn i gcónaí agus bhaineamar tairbhe as eolas a roinnt agus soláthar i gcomhar le seirbhís atá i bhfad níos mó. Cé nach mbeidh tairbhí soláthair le fáil againn tar éis imeacht na Breataine, tá a fhios againn go leanfaidh spiorad an chomhoibrithe tar éis an ama sin.

Tá sé deacair ag go leor codanna de sheirbhís sláinte na hÉireann foireann leighis a earcú ag leibhéal Comhairligh, agus tá na dúshláin chéanna ag an eagraíocht seo. D'fhaomh an Bord moladh ón Stiúrthóir Leighis & Eolaíochta le gairid chun feidhm taighde SFÉ a leathnú chun muid a choinneáil ar thús cadhnaíochta na taighde i míochaine aistriúcháin chun a chinntiú go meallfaimid ard-tallann chuig ár n-eagraíocht.

Tá deiseanna ann anois chun éifeachtúlacht agus comhoibriú níos fearr a thiomáint tríd an tseirbhís go ginearálta, os rud é go bhfuil na grúpaí ospidéil bunaithe go daingean agus go bhfuil feabhsúcháin leanúnacha déanta sa bhonneagar náisiúnta iompair. Creidimid go mbeidh ar ár gcumas páirt a bheith againn sa sprioc seo trí thairiscint níos comhtháite a fhorbairt inár seirbhísí i gCorcaigh leo siúd a chuireann na mórospidéil ar fáil. Beimid ag bogadh ar aghaidh lenár bpleananna in 2019 chun ionad nua a thógáil i gCorcaigh agus táimid ag tnúth le hoibriú lenár gcomhghleacaithe in ospidéil Chorcaí, le FSS agus leis an Roinn Sláinte chun barr feabhais a chur ar ár seirbhísí aistriúcháin i gCúige Mumhan agus ar deireadh seirbhísí náisiúnta ar chaighdeán níos airde a sheachadadh.

Ar cheann de na príomhdhúshláin a bheidh ag an mBord an chéad bhliain eile beidh bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chomharbas roinnt feidhmeannach sinsearach, an Príomhfheidhmeannach san áireamh ionas nach mbeidh aon chur isteach ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil d'othair agus do dheontóirí.

Thar cionn na bpáirtithe leasmhara go léir ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le foireann SFÉ a bhíonn ag obair go crua as a gcuid iarrachtaí leanúnacha le seirbhís den scoth a chur ar fáil do dheontóirí agus d'fhaighteoirí in 2018. Mar nóta pearsanta ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, go háirithe le Andrew Kelly, ár bPríomhfheidhmeannach, agus le comhaltaí an Bhoird a thacaigh liom le críonnacht agus le díograis agus mé ag aistriú go Cathaoirleach. Táim ag tnúth le ceannaireacht a ghlacadh ar an eagraíocht seo i rith na bliana amach romhainn.

**Linda Hickey**
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach airgeadais comhlacht stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018, i gcomhréir le hAguisín 2 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

1. Admhaímse, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá ag an gComhlacht.
2. Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag SFÉ ach dearbhú réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas ná caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do SFÉ a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach.

    i. Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a aithint agus a mheasúnú, agus as rialú oiriúnach a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo go leanúnach agus seans go mbíonn baint acu le réimse foinsí inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear cliseadh ar rialú, cur isteach ar chórais faisnéise, tubaiste nádúrtha agus riachtanais rialála.

    ii. Buaileann lucht bainistíochta le chéile dhá uair sa mhí chun ceisteanna oibriúcháin agus rioscaí agus an chaoi a mbainistítear iad a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar son an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le gnóthaí SFÉ agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leis chun na rioscaí sin a bhainistiú, agus a dtorthaí ar cheisteanna suntasacha a chur faoi bhráid an Bhoird tríd an bPríomhfheidhmeannach.

    iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord ar son an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair SFÉ, agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí sa chóras ar gá feabhas a chur orthu, déanann an Bord breithniú ar na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.
    iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais eolas ar fáil go míosúil don Choiste Airgeadais, rud ar fochoiste den Bhord é, eolas a chuimsíonn príomhtháscairí feidhmíochta.

    v. Tá creat cuí rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil gnéithe atá sainmhínithe go soiléir agus iad forchoimeádta d'fhaomhadh an Bhoird amháin nó, de réir mar a bhíonn tarmligthe ag an mBord le haghaidh fhaomhadh cuí Feidhmeannais. Tá bainistíocht SFÉ ó lá go lá tarmligthe ag an mBord, agus tá teorainneacha cuí bunaithe acu le haghaidh údarú caiteachais don Fheidhmeannas. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialú inmheánach a chur i bhfeidhm, rialú inmheánach airgeadais san áireamh.

    vi. Déantar monatóireacht go ginearálta ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais tríd na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí an Bhoird athbhreithniú ar réimsí ar leith den rialú inmheánach mar chuid dá dtéarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo maidir le 2018 ag cruinniú dá chuid a tharla ar an 5 Feabhra 2019.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta chun cloí leis na forálacha bainteacha den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, rud a bhí foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe tar éis a bheith curtha i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le polasaí mionsonraithe taistil agus cothaithe a chloíonn le gach réimse de pholasaí taistil an Rialtais.

Rinne Bord SFÉ athbhreithniú ar thuairiscí ar rialuithe inmheánacha i rith na bliana, in éineacht le hathbhreithniú rialta ar thuairiscí an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (URTS) ar rialuithe oibriúcháin agus cloí agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú na dtuairiscí seo agus d'obair go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Chloígh SFÉ le nósanna imeachta um dhiúscairt sócmhainní, mar atá leagtha amach sa 'Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.' Cloíonn SFÉ leis na hoibleagáidí bainteacha go léir mar atá sainmhínithe faoi dhlí cánachais na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na

cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Rinne an Bord athbhreithniú éifeachtúlachta in 2018.

## Oibriú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte san áireamh.

Tháinig an Bord le chéile 6 huaire le linn na bliana le haghaidh gnáthchruinnithe. Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

## Tinreamh an Bhoird 2018

| Comhalta Boird | Feabhra | Bealtaine | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An tOll. Anthony Staines* | X | X | X | | | |
| Linda Hickey# | X | X | X | X | X | X |
| Kate Williams | X | X | X | X | X | X |
| Deirdre Cullivan | | X | X | X | X | X |
| An Dr Liz Kenny | X | X | X | X | X | X |
| An Dr Satu Pastila | | X | X | X | X | X |
| An Dr Ronan Desmond | | | X | X | | X |
| Brian O'Mahony | X | X | X | X | | |
| An Dr Sarah Doyle** | | | | | | X |
| Simon Mills | X | | | | | |
| Yvonne Traynor | X | X | X | | X | X |
| John Malone | | X | X | X | X | X |

*Téarma Boird críochnaithe ar an 13 Iúil 2018
** Ceaptha ar an 19 Lúnasa 2018
#Ceaptha mar Chathaoirleach ar an 3 Deireadh Fómhair 2018

Faigheann gach ball eolas cuí agus tráthúil le cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chur i gcrích. Faigheann an Bord comhairle chuí neamhspleách agus ghairmiúil de réir mar is gá. Cloítear le treoirlínte ar íocaíocht táillí agus costas le comhaltaí an Bhoird.

## Comhaltaí an Bhoird

An tOllamh Anthony Staines, (Cathaoirleach)*
Ms Linda Hickey (Cathaoirleach)**
An tUas. Brian O'Mahony
Ms Linda Hickey
Ms Kate Williams
An Dr Elizabeth Kenny
An Dr Ronan Desmond
Ms Deirdre Cullivan
An Dr Yvonne Traynor
An tUas. Simon Mills
An tUas. John Malone
An Dr Satu Pastila
An Dr Sarah Doyle***

*Téarma Boird críochnaithe ar an 13 Iúil 2018
**Ceaptha ar an 3 Deireadh Fómhair 2018
***Ceaptha ar an 21 Lúnasa 2018

| | An Bord | An Coiste Comhairleach Leighis | An Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí | An Coiste Airgeadais | An Coiste um Fheidhmíocht agus Forbairt | Táillí an Bhoird 2018 € | Costais 2018 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Cruinnithe** | **6** | **7** | **5** | **5** | **2** | | |
| An tOll. Anthony Staines* (Cathaoirleach) | 3 | - | - | - | 2 | - | 329 |
| L Hickey** (Cathaoirleach) | 6 | - | - | 2 | - | 14,338 | 496 |
| An tUas. B. O'Mahony | 4 | - | - | - | - | - | - |
| An Dr. E Kenny | 6 | 7 | - | - | - | - | 681 |
| Ms K Williams | 6 | - | - | 5 | 2 | 11,970 | 260 |
| An Dr R Desmond | 3 | 3 | - | - | - | - | - |
| D Cullivan | 5 | - | - | 5 | - | 11,970 | 513 |
| An Dr Y Traynor | 6 | - | 4 | - | - | 11,970 | - |
| An tUas. J Malone | 5 | - | 4 | - | - | 11,970 | - |
| An tUas. S Mills | 1 | - | 2 | - | - | 11,970 | - |
| An Dr S Pastila | 6 | 7 | - | - | - | 11,970 | 4,482 |
| An Dr S Doyle*** | 2 | 1 | - | - | - | - | 69 |
| | | | | | | **86,158** | **6,830** |

*Téarma Boird críochnaithe ar an 13 Iúil 2018
**Ceaptha ar an 3 Deireadh Fómhair 2018
***Ceaptha ar an 21 Lúnasa 2018

## An Cód um Chaiteachas Poiblí

Tá an Bord tiomanta chun cloí le forálacha an Chóid um Chaiteachas Poiblí agus le Ciorcláin 02/2016 – socruithe le haghaidh caiteachas Dhigitigh agus TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Tá a modheolaíocht fhoirmiúil féin um bainistíocht tionscadail forbartha ag SFÉ chomh maith, rud atá oiriúnach le haghaidh oiriúnú, agus é sin faoi réir mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le ceisteanna a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na foirne sinsearaí bainistíochta. Cloíonn an Bord le polasaí an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Ba é tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2018 ná €155,187. Bhí dhá chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2018.

## An Coiste Comhairleach Leighis

Cuimsíonn an Coiste Comhairleach Leighis comhaltaí cáilithe leighis an Bhoird agus foireann leighis chomhairligh SFÉ agus tháinig siad le chéile 7 n-uaire in 2018. Is í an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an aistrithe fola agus réimsí eile, an Bord a chur ar an eolas faoina leithéid d'fhorbairtí agus comhairle a chur ar an mBord ar ghníomh cuí.

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire le linn na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta páirteach ann chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, iniúchtaí seachtracha a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuntais airgeadais agus bhainistíochta, ETFanna (KPIs) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## Tinreamh an CCL in 2018

| Ainm | Feabh | Aib | Meitheamh | Cruinniú Speisialta maidir le vCJD i Mí Iúil | M.F. | Samh | Noll | 7 gCruinniú san Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E Kenny | Y | Y | Y | Y (Tríd an Teil) | Y | Y | Y | 7 |
| R Desmond | N | N | Y | N | Y | N | Y | 3 |
| S Pastila | Y | Y | Y | Y (Tríd an Teil) | Y | Y | Y | 7 |
| Sarah Doyle* | — | — | — | — | — | N | Y | 1 |
| B O'Mahony | Y | Y | Y | Y | Y | N | N | 5 |
| S Field | Y | Y | N | Y | Y | Y | Y | 6 |
| D Ó Donghaile | Y | Y | N | Y | N | Y | Y | 5 |
| L Pomeroy | Y | N | Y | Y | N | Y | Y | 5 |
| E McSweeney | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | 7 |
| J Power | N | Y (tríd an Teil) | Y | Y | Y | Y | N | 5 |
| I Hann | Y (tríd an Teil) | — | — | — | — | — | Y | 2 |
| N O'Flaherty | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | 4 |
| N O'Connell | N | N | N | Y | Y | Y | Y | 7 |
| C DeGascun | Y | N | Y | N | Y | N | Y | 4 |

*ceaptha chuig an mBord Meán Fómhair 2018

| Tinreamh Choiste Airgeadais | Eanáir | Bealtaine | Lúnasa | Meán Fómhair | Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| Ms Linda Hickey Cathaoirleach* | X | X | | | |
| Ms Deirdre Cullivan | X | X | X | X | X |
| Ms Kate Williams** | X | X | X | X | X |

*Ceaptha mar Chathaoirleach ainmnithe na heagraíochta i Lúnasa agus deimhnithe mar Chathaoirleach i nDeireadh Fómhair.
**Cathaoirleach gníomhach an Choiste Airgeadais do Chruinniú Lúnasa agus Cathaoirleach ina dhiaidh sin.

## An Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí le chéile cúig uaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord agus beirt chomhaltaí neamhspleácha seachtracha páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Cloí, an t-Iniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Dianseasmhachta ag freastal air agus bíonn an Cuntasóir Cúnta ag feidhmiú mar Rúnaí don Choiste. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le gnóthaí airgeadais, rialála nó cloí an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, tuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta inmheánacha agus ón ÚRTS, na polasaithe cuntasaíochta, cloí le caighdeáin chuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Cloí faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

chomh maith agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Cloí agus an Bord monatóireacht rialta orthu. Déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclárlann rioscaí i láthair na huaire.
Cinntíonn an mhonatóireacht seo go bhfuil na rioscaí agus an rialú aitheanta bainteach leis an am i láthair, agus go n-aithnítear rioscaí atá ann cheana agus rioscaí nua, agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm.

## Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá Comhaltaí an Bhoird réasúnta sásta go bhfuil go leor acmhainní ag SFÉ le leanúint dá hobair sa ghearrthéarma. Ar an gcúis seo, leanann siad de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Tar éis don Bhord measúnú a dhéanamh ar luachálacha sócmhainne na scéime pinsin, ar an bplean maoinithe reatha, lena n-áirítear athruithe a comhaontaíodh maidir le sochair na scéime, ar ráta maoinithe athmheasta achtúirí na scéime, agus ar an sreabhadh airgid a thuar an Bord don dá mhí dhéag ón dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais, tá an Bord sásta go bhfuil dóthain de chúlchiste acu chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a cheadú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialuithe inmheánacha i SFÉ agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht. Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach airgeadais atá ag an mBord na rialuithe sin a bunaíodh chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus eolas iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

| Tinreamh an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí | Eanáir | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|
| An Dr Yvonne Traynor, Cathaoirleach | X | X | | X | X |
| An tUas. John Malone | | X | X | X | X |
| An tUas. Simon Mills | X | | X | | |

## An Clár Rioscaí

Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, rioscaí cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, an rialú reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú dá bhfíorófaí ceann de na rioscaí. Tá freagracht ar an mBainisteoir Riosca agus Dianseasmhachta as maoirseacht a dhéanamh ar an gclárlann rioscaí agus ar shocruithe teagmhasachta. Aithníodh sraith rioscaí bunaidh

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach um thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Plean Gnó Bliantúil
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh ag sealbhóirí buiséid do bhuiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe atá ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachais chaipitiúil agus athfhilltigh.
- Príomhphróisis airgeadais á dtaifeadadh go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceáil fíorúcháin agus rialú ar fhocal fhaire sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Nithe stoic á bhforéileamh trí hordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic á mheaitseáil go neamhspleách le NEI (GRN) agus ordú ceannaigh an stórais
- Seiceáil fhíoraithe ar íocaíocht shonraisc na soláthraithe ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann íocaíochta cuntas

Tá a fhios ag an mBord go bhfuil an córas um rialú inmheánach ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca atá ann nach mbainfí cuspóirí gnó amach, seachas an riosca sin a dhíchur go hiomlán. Ní féidir le rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach mbeidh míráiteas ná caillteanas ábhartha i gceist.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi FRS102.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord ceangailte ag Ordú (Bunú) Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann 1965, chun ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí na hÉireann is infheidhme agus caighdeáin chuntasaíochta, a chuireann léargas fíor agus cothrom ar conas atá cúrsaí i Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Soláthar

Tá SFÉ ag cloí leis na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Nochtuithe Cosanta

Cloíonn SFÉ leis na riachtanais faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus deimhníonn sé go bhfuil nósanna imeachta ann le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta in 2018.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

Thug SFÉ ardán tástála nua isteach don tSaotharlann Víreolaíochta i Meán Fómhair 2018.

**Linda Hickey**
Cathaoirleach



# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Ar nós gach comhlachta poiblí eile, bhí dúshlán roimh an tseirbhís fuilaistriúcháin go luath in 2018 maidir le déileáil le tionchair Stoirm Emma agus an Beast from the East. D'éirigh go maith leis an eagraíocht agus rinne sé ár socruithe teagmhasacha a thriail chomh maith leis an bealach a ndearnadh bainistíocht ar riosca. D'fhreagair an fhoireann go han-éifeachtach agus chinntigh siad go bhfuair othair fuil agus táirgí fola nuair a bhí gá leo. Bhí tacaíocht Óglaigh na hÉireann agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte againn freisin nuair a bhí gá leis. Chuir SFÉ 14 chlinic deonaithe ar ceal le linn na dtréimhsí sin de bharr aimsire crua. Nuair a d'iarr muid ar dheontóirí cabhair a thabhairt tar éis na stoirmeacha rinne siad amhlaidh go hiontach agus chinntigh siad go rabhaimid in ann soláthar fola a choinneáil.

Tharraing mé anuas ceist úsáid na fola O diúltach i mo thuarascáil do 2017. Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil tús curtha againn le plé náisiúnta maidir leis an gceist seo agus táimid ag scrúdú bealaí trínar féidir le SFÉ, cliniceoirí oideasaithe agus foireann banc fola comhoibriú lena chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as fuil O diúltach. Is ceist í seo a bhfuil imní ag seirbhísí fola ar fud an domhain mar gheall uirthi agus caithfear teacht ar réitigh inoibrithe chun a chinntiú nach gcuirfidh seirbhísí fola glao ar dheontóirí O diúltach mura bhfuil gá leis.

Tháinig na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar fud na hEorpa ar an 28 Bealtaine 2018. Rinne SFÉ roinnt mhaith oibre le hullmhú i gcomhair na n-athruithe a tharlódh de réir an dlí ar an mbealach a ndéanfaí bainistiú ar shonraí. Tá sonraí an-íogair ag SFÉ ar dheontóirí, ar othair agus ar an bhfoireann. B'éigean roinnt beartas a chur i bhfeidhm agus b'éigean leasú a dhéanamh ar chuid eile. Cheapamar Oifigeach Cosanta Sonraí lánaimseartha lena chinntiú



***"Is í an acmhainn is mó atá ag SFÉ ná tiomantas agus gairmiúlacht a foirne go léir. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir a chinntigh trína n-iarrachtaí go leanaimid d'fhuil agus táirgí fola a sholáthar de réir an chaighdeáin is airde."***

go mbeadh SFÉ ag cloí le forálacha an GPDR. D'oibrigh sí leis na príomhpháirtithe leasmhara lena chinntiú go bhfuil SFÉ in áit mhaith maidir le GDPR. Tá sí ag déanamh cathaoirleachta freisin ar Ghrúpa Oibre Sheirbhísí Fola na hEorpa le scrúdú a dhéanamh ar an gceist faoin "gceart a bheith dearmadta" faoi reachtaíocht an GDPR.

Tá AN BREATIMEACHT sa chúlra i roinnt mhaith plé idir seirbhísí fola na RA agus na hÉireann thar na naoi mí seo caite ach go háirithe. Ó tháinig 2019 agus an baol go bhfágfadh an Bhreatain an AE gan socrú bhí ar SFÉ níos mó rannpháirtíochta a dhéanamh lenár soláthraithe agus féachaint le stoc teagmhasach d'ár soláthairtí criticiúla a bheith ar láthair againn. Bhí muid gafa freisin le seirbhísí fola na RA le pleanáil mura mbeadh socrú ann ach chomh maith maidir leis na ceisteanna ar chóir dúinn a bheith ar an airdeall fúthu tar éis AN BHREATIMEACHTA. Beidh an cheist seo ag leanúint anonn go maith in 2019.
Táimid ag leanúint lenár gcur chuige ar bhainistíocht riosca a fhorbairt agus bhí cleachtadh barr deisce breise againn do Phlean Leanúnachais Gnó (BCP) againn i Samhain 2018. Ba chéim suas é seo ón gcleachtadh a bhí againn roimhe sin agus bhí sé deartha chun gnéithe difriúla dár BCP a thástáil. Cleachtadh an-fhiúntach a bhí ann agus foghlaimíodh roinnt mhaith dá bharr. Rinneamar leasú ar ár BCP dá réir.

Thug Cathaoirleach an Bhoird an tOllamh Anthony Staines a dhara téarma chun críche i Mí Iúil 2018. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl d'Anthony as a thiomantas agus a dhúthracht d'obair SFÉ agus as cinntiú go raibh próisis rialachais chorparáidigh ceart i bhfeidhm agus go rabhthas ag cloí leo. Guím gach rath air ina ghairm.  Ceapadh Ms Linda Hickey mar Chathaoirleach i Mí Lúnasa 2018 agus táim ag tnúth le hoibriú léi sna blianta amach romhainn.

Tharla go leor athruithe i measc an phríomhphearsanra in 2018. Chuaigh na baill foirne seo ar scor d'aistrigh siad chuig poist eile le linn 2018; an Stiúrthóir Cáilíochta agus Cloí, Ceann Tástála, Ceann Próiseála agus Sheirbhísí Ospidéil agus an Bainisteoir um Dhearbhú Cáilíochta. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis na comhaltaí foirne a bhfuil seirbhís dhílis agus thiomanta tugtha acu do SFÉ. Chabhraigh siad ar fad go mór le hobair SFÉ ar mhaithe le leas othar agus deontóirí. Guím gach rath orthu as seo amach.

Chuireamar fáilte roimh Craig Spalding a chuir tús lena phost mar Stiúrthóir Cáilíochta agus Cloí i Mí Eanáir 2018. Tháinig sé ó Sheirbhís Fola Chumann Croise Deirge na hAstráile (ARCBS) agus thug sé cur chuige úr nua do bhainistíocht na cáilíochta i SFÉ. D'fhorbair sé Fís nua Cáilíochta agus d'fhaomh an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus an Bord é seo. Lean Karen Byrne ón ARCBS é i Mí Dheireadh Fómhair agus ghlac sí leis an bpost mar Bhainisteoir um Dhearbhú Cáilíochta. Tá taithí luachmhar ag Karen freisin agus táim ag tnúth le hoibriú leis an mbeirt acu le cuidiú suntasach a thabhairt sna blianta atá ag teacht. Bhí tús curtha againn freisin leis an earcú do Cheann Tástála agus Ceann Déantúsaíochta agus Eisiúna.

Ceann de phríomhréimsí an Bhoird agus an EMT ná comharbachas a phleanáil agus beidh tábhacht níos mó leis seo in 2019. Beidh comórtais oscailte ann don Stiúrthóir HR, don Phríomhfheidhmeannach agus don Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta ag céimeanna difriúla in 2019. Beidh an-tábhacht leis na ceapacháin sin agus tógfaidh siad ar an obair atá bainte amach go dtí seo trí hiarrachtaí na bhfoirne go léir atá i SFÉ.

Is í an acmhainn is mó atá ag SFÉ ná tiomantas agus gairmiúlacht a foirne go léir. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an bhfoireann go léir a chinntigh trína n-iarrachtaí go leanaimid d'fhuil agus táirgí fola a sholáthar de réir an chaighdeáin is airde. Caithfimid leanúint de bheith nuálach agus smaointe nua a chur i bhfeidhm inár gcuid oibre ar mhaithe leis na hothair agus na deontóirí a bhfreastalaímid orthu.

**Andrew Kelly**
An Príomhfheidhmeannach



# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch

Rinneadh athbhreithniú mór ar shaoráid táirgeachta comhchodanna SFÉ in 2018 chun a chinntiú go raibh na saotharlanna sin ag obair go héifeachtach de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is fearr. Thug an fhoireann athbhreithnithe cuairt ar sheirbhísí fola san Ísiltír, sa Bheilg agus sa RA chun breathnú ar an gcaoi a ndearna na hionaid sin a saotharlanna a dhearadh chun comhchodanna a tháirgeadh ar an mbealach is éifeachtaí.

Rinne an tsaotharlann víreolaíochta uasghrádú ar an ardán tástála séireolaíochta trí chóras úrscothach nua a thabhairt isteach. Is é an buntáiste a bhí leis an athrú seo ná go gcomhdhlúthaíonn sé na measúnuithe go léir a bhfuil gá leo le sábháilteacht an tsoláthair fola a chinntiú i gcóras amháin arbh é an rud ab éifeachtaí agus ab éifeachtúla ó thaobh costais de.

Leanadh le faireachas a dhéanamh i rith na bliana ar bhagairtí micribitheolaíochta nua a d'fhéadfadh a bheith ann agus rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha ó ghníomhaireachtaí idirnáisiúnta amhail an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú chomh maith leis na tuairiscí seachtainiúla ón Lárionad Faire um Chosaint Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HPRC). Bhíothas rannpháirteach freisin sa teileachomhdháil mhíosúil leis an grúpa monatóireachta um ghalair thógálacha de chuid Chomhaontas fola na hEorpa. Bíonn SFÉ rannpháirteach freisin i struchtúir na RA faoi choimirce an Chomhchoiste Chomhairligh Ghairmiúil (JPAC). Tá suirbhé taistil gearr deartha le hiarraidh ceann scríbe taistil an lucht deonaithe a thuiscint. Cuirfidh sé seo bonn eolais faoi na córais tástála ar gá a bheith ann chun sábháilteacht an tsoláthair fola a choimeád. Faoi láthair, mar shampla, cuirtear siar taisteal chuig ceantair teochriosacha ar feadh tréimhse chomh fada le bliain má bhíonn contúirt Maláire ann. Chun tréimhse ama an chur siar a laghdú tá sé socraithe ag SFÉ tástáil antasubstainte a thabhairt isteach le linn 2019.

Bhí dhá chruinniú ceardlainne speisialta ag an gCoiste Comhairleach Leighis (MAC) le linn 2018. Ritheadh an chéad cheann chun na bearta a mheas atá ann chun cosc a chur ar an athraitheach ar ghalar Creutzfeldt-Jakob a tharchur agus rinneadh athbhreithniú ag an gcruinniú seo ar an bhfianaise eolaíochta ar fad a bhaineann leis an ngalar agus an gaol atá aige le einceifealapaite spúinseach bhólachta san eallach. Níor tháinig an coiste ar aon chinneadh ag an gcruinniú seo agus déanfar é a mheas arís go luath in 2019. Ritheadh an cheardlann speisialta eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna le pataigin a laghdú i bpláitíní. Arís, b'athbhreithniú a bhí anseo ar an eolaíocht reatha sa réimse seo agus déanfar é seo a mheas freisin in 2019 chomh maith le hanailís eacnamaíochta sláinte a bhreathnóidh ar na tairbhí a bheadh ann leis an teicneolaíocht seo a thabhairt isteach.

Fuair mé cuireadh i rith na bliana labhairt le Coiste Comhairleach Tháirgí Fola FDA na SA faoi mhonatóireacht mhicribitheolaíochta a dhéanamh ar phláitíní. Mar aon le roinnt saineolaithe eile chuir mé fianaise i láthair chun chur ar chumas an choiste seo moltaí a chur faoi bhráid an FDA ar an mbealach ar chóir d'ionaid aistriúcháin sna Stáit Aontaithe sábháilteacht bhaictéareolaíoch a dtáirgí pláitín a chinntiú.

**Stephen Field MA, MMed(Haem) FCPath (SA)**
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch
Haemaiteolaí Comhairleach

# Oibríochtaí





# Seirbhísí do Dheontóirí

## #Feachtas EveryOneCounts

Lean SFÉ leis an bhfeachtas EveryOneCounts in 2018 ag sroicheadh amach do dheontóirí ar gach príomhphointe teagmhála cumarsáide leis an sprioc deontóirí a chur ar an eolas agus iad a spreagadh le bogadh ó bheith ar an eolas go gníomh a dhéanamh gach am den bhliain. Bhain an feachtas margaíochta seo úsáid as scéalta deichniúr deontóirí trí mheáin dhigiteacha agus shóisialta; FB, Twitter, fógraíocht ar líne, Youtube, tionchairí sóisialta ábhartha, fógraíocht raidió náisiúnta agus áitiúil, agus eagarfhocal ar líne ar Independent.ie, TheJournal.ie, Her.ie, Joe.ie, Video on Demand agus den chéad uair le roinnt blianta fógraíocht ar an Teilifís Náisiúnta.

Léirigh an chéad shraith d'fhógraíocht theilifíse Every One Counts an seachtar deontóirí bunaidh ó na Sceirí agus a gcuid scéalta faoi dheonú fola ar an teilifís agus ar Video on Demand le linn an tSamhraidh in 2018, thart ar an am a raibh Corn an Domhain ar siúl. Seoladh fógra nua teilifíse i Mí Lúnasa le linn shéasúr CLG a léirigh traenálaí CLG agus deontóir ar feadh i bhfad Patrick Dunlea ó Mhainistir na Corann i gCorcaigh, ar chainéil a mbíonn tóir orthu amhail RTÉ, RTÉ 2, TV3, TG4, SKY, agus C4. Cuireadh fógraíocht ar na stáisiúin náisiúnta raidió freisin agus den chéad uair ar Spotify.

Is am dúshlánach é an samhradh do chlinicí deonaithe fola agus pláitíní, mar go dtógann daoine briseadh óna ngnáthshaol le dul ar laethanta saoire agus bíonn briseadh ag leanaí ón scoil. Tá roinnt blianta imithe thart ó rinne Seirbhís Fuilaistriuchán na hÉireann fógraíocht ar teilifís agus ba é an sprioc a bhí léi ná cur in iúl do lucht éisteachta mór an tábhacht a bhaineann le fuil a dheonú ar feadh na bliana ar fad, mar chuid den saol laethúil agus deontóirí a spreagadh agus a ghríosú le dul chuig a gclinicí áitiúla nuair is féidir leo é.

> ***“Tá sé le feiceáil go raibh Feachtas Every One Counts rathúil agus bhuaigh sé Gradam sa rannóg Seirbhíse Poiblí, Leasa Shóisialaigh agus Oideachais in 2018.”***

Tugann Gradaim IAPI ADFX onóir do na feachtais fhógraíochta is éifeachtaí a thagann ar mhargadh na hÉireann. Is iad na príomhchritéir chun gradam a bhua ná tuairim straitéiseach



shármhaith, cur i gcrích go cruthaitheach le tionchar agus na hiarmhairtí gnó tomhaiste a thagann dá bharr.

Tá an feachtas sa dara bliain anois bhí na scéalta ar fad athdhírithe ar líne ar lucht éisteachta, le deontóirí a bhogadh ó fheasacht go hoideachas go gníomh a dhéanamh agus freastal ar chlinicí. Bhí rath ar fhógraíocht a dhéanamh arís ar teilifís le linn an tSamhraidh agus chabhraigh sé leis an soláthar a choinneáil seasta ag am a bhíodh dúshlánach go traidisiúnta le bailiúcháin a dhéanamh. Sháraigh na scéalta ar fad na spriocanna a bhí acu ó thaobh tionchair agus tuairime. Bhí fás seasta ar ár gcainéil meáin shóisialta i gcaitheamh na bliana, tá 120K de lucht leanúna anois ar ár leathanach Facebook ag deireadh 2018, tá 18.7k de lucht leanúna ar ár leathanach Twitter agus baintear úsáid as le freagra a thabhairt ar bharúlacha agus cheisteanna deontóirí gach lá, chomh maith le freastal ar bhealaí na meán cumarsáide agus grúpaí sainleasa chun cur lenár dteachtaireacht. Bhí leibhéal ard gafachta againn ar ár gcainéil shóisialta mar gheall ar na scéalta mothúchánacha agus spreagúla ónár ndeontóirí Every One Counts, agus spreag sé sin daoine eile lena scéalta féin a roinnt agus teachtaireacht agus tairbhí an deonú fola a chur chun cinn.

## Feachtas Séasúrach – #DracsAtWork

Is am dúshlánach iad laethanta saoire bainc agus tréimhsí bhriseadh lár téarma scoile don SFÉ maidir le cinntiú go bhfuil soláthar fola seasta againn chun freastal ar an éileamh ó ospidéil mar go dtéann daoine ar laethanta saoire agus go mbriseann siad an gnáthamh rialta.







Ritheamar feachtas le téama Samhna ann agus muid ag tarraingt suas ar lá saoire bainc Dheireadh Fómhair agus an bhriseadh lár-téarma on scoil ar ar tugadh #DracsAtWork chun é a chur i gcuimhne do dhaoine agus deontóirí a earcú. Rith an feachtas ón Máirt an 23 Deireadh Fómhair go dtí an Chéadaoin an 31 Deireadh Fómhair 2017 agus cuireadh chun cinn é ar na meáin shóisialta chun díriú ar lucht leanúna reatha ár leathanaigh agus lucht leanúna nua a earcú.

Léiríonn an t-ábhar pictiúir de láithreacha timpeall ar an Ionad Náisiúnta Fola: Seirbhísí Deontóra, Veaineanna Fola an chlinic shoghluaiste, clinic na bPláitíní, saotharlanna NBC agus Clinic Fola Sráid D'Olier. Iarradh ar dhaoine ceisteanna a bhain leis na pictiúir a léirigh #DracsAtWork i rannóga éagsúla SFÉ a fhreagairt chun dhaoine a chur ar an eolas maidir leis an obair a dhéanann fostaithe SFÉ. Bhuaigh na buaiteoirí laethúla a thug an freagra ceart cás Monster Munch a raibh téama séasúrach leis. Bhí an feachtas nasctha ar ais chuig an gclinic mar ar lá deiridh an fheachtais nochtadh go raibh Dracula i gclinic Fola Shráid D'Olier.

Thiomáin an feachtas torthaí láidre ó thaobh feasachta agus gafachta roimh agus tar éis an bhriseadh lár téarma mar go raibh freastal maith ar an gclinic i rith na tréimhse seo.

## Lá Deontóra Fola an Domhain

Déanaimid ceiliúradh ar Lá Deontóra Fola an Domhain (#WorldBloodDonorDay) gach bliain ar an 14 Meitheamh agus glacaimid buíochas lenár ndeontóirí as ucht fuil a thabhairt agus cur le feasacht faoin tábhacht a bhaineann le fuil a dheonú. Bhí




Corn an Domhain ar siúl le linn an tSamhraidh i 2018 agus bhí sé rí-thábhachtach a chur i gcuimhne do dheontóirí cé chomh tábhachtach is a bhí sé freastal ar a gclinicí áitiúla. Bhí scéal againn a léirigh buachaill óg Tom Doyle go bhfuair sé aistriúcháin ceall dearg chomh maith le pictiúr de Tom in éineacht lenár bpáirtithe urraithe Réiteoirí FAI i Staid Aviva agus iad ag iompar leagan Giveblood.ie de Chorn an Domhain. Ina theannta sin bhí cláir féinín Lá Deontóra Fola an Domhain againn ar ábhar clinic agus na meáin shóisialta ag léiriú agus ag ceiliúradh ár ndeontóirí ar fud na tíre.

## Feachtas na "nEachtrannach Fuilteach"

D'oibrigh an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn, Forum Polonia agus SFÉ as lámh a chéile in 2018 le daoine ón bPolainn atá ina gcónaí in Éirinn, an grúpa inimircigh is mó sa tír a spreagadh le rannpháirtíocht ghníomhach a bheith acu le bheith ina ndeontóirí ina bpobail áitiúla. Ba í an príomhsmaoineamh feachtais ná: Iarraimid ar níos mó "eachtrannach fuilteach" fuil a thabhairt agus tugaimid cuireadh dóibh freastal ar a gclinic fola áitiúil agus sárghníomh a dhéanamh ar son a bpobail áitiúil

Cuid lárnach de bheith mar bhall den phobal sa Pholainn í fuil a dheonú. Bhí sé ceaptha go mbeadh an ceannlíne "Eachtrannaigh Fhuilteacha" cineál conspóideach agus spraíúil agus go dtarraingeodh sé aird le teachtaireacht an fheachtais a spreagadh, ach ina theannta sin le béim a chur ar an gcion dearfach a thugann daoine as an bPolainn do phobal na hÉireann agus a d'fhéadfaidís a thabhairt trí fhuil a dheonú. Bhí an-rath ar an bhfeachtas agus ghlac na meáin leis go maith, fuair sé clúdach ar Nuacht 1pm agus 6pm ar RTÉ. Bhí an haischlib #bloodyforeigners ag uimhir a haon mar ábhar treochta in Éirinn ar lá na fógraíochta, agus chabhraigh an t-iliomad asraon a bhí ag tvuíteáil agus ag roinnt tvuíteanna ón bhfeachtas.

## Feachtais earraí ar chlinic

Tá sé mar aidhm ag SFÉ taithí ár ndeontóirí a dhéanamh chomh speisialta agus is féidir nuair a thagann siad isteach sa chlinic lena ndeonú a thabhairt chun gur fada leo go bhféadfaidh siad teacht ar ais le fuil agus pláitíní a thabhairt arís! Ritheamar roinnt feachtais bheaga earraí séasúracha sa bhreis ar na míreanna rialta ar nós pinn agus fáinní eochracha tralaí i mbliana. Bhí áthas ar dheontóirí croíthe speisialta Seacláide agus sónna pónaire ghlóthaí giveblood.ie a fháil i gclinicí ar fud na tire ar Lá San Vailintín, aimsir na Cásca agus an tSamhraidh.

Sheol muid an dara bliain den fheachtas #BlingUpYoBauble i Mí na Nollag. Taispeánadh ornáidí Giveblood.ie ar chrainn Nollag SFÉ i gclinicí rud a chuir le spiorad na féile i dtimpeallacht clinicí agus spreagadh deontóirí le hornáid giveblood.ie a thabhairt abhaile leo é a phearsantú agus a ndearaí a roinnt linn ar ár leathanaigh meáin shóisialta leis an taithí a thabhairt ón gclinic go dtí baile an deontóra.

Wednesday 1 August 2018

News Irish News

# 'Bloody foreigners' - Dozens of Polish blood donors pledge to help the Irish Transfusion Board



*The campaign, titled 'Bloody Foreigners,' is organised by the Irish Transfusion Board*

Payu Tiwari
July 31 2018 3:17 PM






## Feachtas Feasachta Pláitíní

Chuireamar alt i bhfoilseachán ar líne Independent.ie i Meán Fómhair a léirigh scéal dheonú pláitín Kyran O'Brien agus an tábhacht a bhain le bheith mar dheontóir agus rinne An Dr Cathy Gibbons, comhairleach ó Ospidéal Ollscoile na Leanaí Sráid an Teampaill, tráchtaireacht air. Sheol an t-alt físeán 60 soicind freisin a thaispeáin turas deonaithe Kyran agus an bealach a ndéantar pláitín a phróiseáil ón gclinic, tríd na saotharlanna i SFÉ agus chuig faighteoir in Ospidéal Ollscoile na Leanaí Sráid an Teampaill.

Léirigh an ghníomhaíocht feidhmíocht láidir. Bhí na radhairc leathanaigh iomláine agus uathúil an-ghar, rud a thaispeáin go raibh an t-ábhar ábhartha don lucht féachana sprioctha. Bhí an t-am fosaidh de 3.36 nóiméad an-láidir freisin i gcomparáid le figiúirí tagarmhairc. Bhí gníomhú sóisialta ar ardáin FSÉ an-dearfach. Chonaiceamar buaicphointe ar radhairc leathanaigh ar leathanach tuirlingthe dheonú Pláitíní ar giveblood.ie ar an lá a ndeachaigh an físeán agus an t-alt amach beo ar Independent.ie agus ar ár n-ardáin féin. Tháinig ardú láithreach ar an líon glaonna chuig an gClinic Pláitíní ó dheontóirí a bhí dulta i léig agus ó dheontóirí nua ag cur tuairisce maidir le pláitíní a thabhairt agus coinní a dhéanamh tar éis na gníomhaíochta. Bhí cúigear nó seisear deontóirí ar an meán ag glaoch gach lá le linn sheachtain na gníomhaíochta. Baineadh úsáid as leaganacha de na físeáin a bhí gearrtha siar go dtí 15 shoicind ó Mheán Fómhair go Mí na Nollag ag spreagadh na teachtaireachta faoin tábhacht a bhaineann le deonú pláitíní ar ár gcainéil meáin shóisialta.

## Searmanas Bronnta Deontóra

Bhí searmanais bronnta ar siúl do dheontóirí i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Ceatharlach, Corcaigh,Tuaim agus Baile Átha Fhirdhia. Fuair iomlán de 858 deontóir aitheantas as breis is 50 agus 100 deonachán a thabhairt. Is cuid thábhachtach iad na gradaim seo d'fhéilire SFÉ ós rud é go n-aithníonn siad deontóirí agus a dtiomantas leanúnach d'fhuil nó pláitíní a dheonú. Is deis é seo ag SFÉ buíochas a ghabháil le deontóirí as a ndílseacht agus a dtiomantas seasmhach do bheatha daoine a shábháil. Ag gach aon cheann de na hócáidí seo, insíonn othar a fuair fuil a scéal agus tugann sé seo fíorthuiscint do gach aon deontóir ar an tábhacht atá leis an mbronntanas tarrthála a thugann siad do dhaoine eile.

**Gradaim do Dheontóirí in 2018**


| | 50anna | 100anna | Searmanais |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 72 | 11 | 1 |
| Luimneach | 162 | 10 | 1 |
| Baile Átha Fhirdhia | 223 | 18 | 2 |
| Baile Átha Cliath | 205 | 80 | 2 |
| Corcaigh | 152 | 26 | 1 |
| Tuaim | 44 | 10 | 1 |
| **Iomlán** | **858** | **137** | **6** |

# Staidreamh Deontóirí

## Deontóirí 2017 i gcomparáid le 2018





## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí 2018





Líon na nDeontóirí (Nóta: tá deontóirí a dheonaíonn fuil 4 huaire nó níos mó ar an bpainéal haemacrómatóise)


## Deontóirí céaduaire




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Ghrúpa Fola



# Próiseáil agus Seirbhísí Ospidéil

Is éard atá i rannóg na Seirbhísí Próiseála agus Ospidéil de chuid Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) ná an tSaotharlann Comhchodanna, an tSaotharlann Forbartha Táirgí, agus an Rannóg Seirbhísí Ospidéil. Tá sé bunaithe ag an Ionad Fola Náisiúnta (NBC) i mBaile Átha Cliath agus ag Ionad Chorcaí.

Ceapadh bainisteoir tionscadail i nDeireadh Fómhair 2018 chun maoirseacht a dhéanamh ar na hathruithe a aithníodh san Athbhreithniú Comhchodanna a rinneadh in 2017/2018.


Tá an tSaotharlann Comhchodanna freagrach as próiseáil, lipéadú agus taisceadh na ndeonachán lánfhola a bhailítear go náisiúnta agus aifiréis pláitíní a bhailítear ag an gclinic aifiréise. Ina theannta sin tá sé freagrach as pláitíní taiscthe a ullmhú agus as lánfhuil neamhrialta, orduithe ceall dearg agus na horduithe pláitíní go léir a fhaightear san INF a eisiúint. Tá an tSaotharlann Comhchodanna in Ionad Chorcaí freagrach as na deonacháin aifiréis pláitíní a bhailítear san Ionad a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce agus déanann siad bainistiú chomh maith ar na haonaid choinneála stoic atá bunaithe i gCorcaigh. Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil san INF agus an Rannóg Seolta i gCorcaigh freagrach as orduithe leictreonacha a fháil ó na hospidéil agus as táirgí a eisiúint de bhun na n-orduithe sin.

## Seirbhísí Ospidéil/An Rannóg Seolta


Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil (RSO) san INF freagrach as gach ordú leictreonach a fháil ó na hospidéil a fhaigheann soláthairtí ón INF agus as eisiúint na dtáirgí go léir ón INF. Roghnaíonn agus eisíonn foireann an RSO gach táirge rialta ceall dearg agus tá Eolaithe Leighis na Saotharlainne Comhchodanna freagrach as gach táirge pláitíní agus gach táirge neamhrialta lánfhola agus ceall dearg a roghnú agus a eisiúint. Tá an Rannóg Seolta i gCorcaigh freagrach as gach táirge rialta ceall dearg a roghnú agus a eisiúint, agus tá Saotharlann um Haemaiteolaíocht Imdhíonacht Ceall Dearg i gCorcaigh freagrach as gach táirge pláitíní agus gach táirge neamhchaighdeánach lánfhola agus táirge ceall dearg a roghnú agus a eisiúint tríd an Rannóg Seolta i gCorcaigh.

Fuarthas iomlán de 33,248 ordú táirge go leictreonach in 2018. Astu seo, fuarthas 26,787 acu san INF agus fuarthas 6,461 acu i gCorcaigh.

### Orduithe Leictreonacha a Fuarthas - 2018




### Céatádan de Ghníomhaíocht Ordaithe de réir Lárionaid




**Orduithe a Fuarthas Ar Líne**


| | 2017 | 2018 | Athrú |
|---|---|---|---|
| An INF | 26,360 | 26,787 | +427 (+1.62%) |
| Ionad Chorcaí | 6,575 | 6,461 | -114 (-1.73%) |
| **Iomlán** | **32,935** | **33,248** | **+313 (+0.95%)** |

# An tSaotharlann Comhchodanna

## Lánfhuil

Próiseáladh iomlán de 126,655 deonachán lánfhola táirgiúil san INF in 2018. Ísliú 1.07% a bhí anseo ar an líon a próiseáladh in 2017.

### Deonacháin Lánfhola a Próiseáladh




Próiseáladh na deonacháin lánfhola chun na príomhtháirgí agus na táirgí tánaisteacha seo a leanas a chruthú:

| Príomhtháirge | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Lánfhuil agus Cealla Dearga** | | |
| Lánfhuil | 31 | 0 |
| Lánfhuil le haghaidh úsáid nua-naíoch | 1,340 | 2 |
| Tiúchan Ceall Dearg | 114,400 | 101,639 |
| Tiúchan Ceall Dearg le haghaidh úsáid nua-naíoch | 10,982 | 4,015 [1] |
| Cealla Dearga, Téachta | 1 | 1 |
| Lánfhuil Téachta | 8 | 7 |
| **Táirgí Plasma** | | |
| Plasma Úr Reoite, Scagtha | 27 | 0 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid nua-naíoch | 184 | 0 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Tháirgeadh Crióidheascáin | 0 | Neamhbhainteach |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh Crióidheascáin d'úsáid nua-naíoch | 214 | Neamhbhainteach |
| Séiream do Dheora | 1 | 1 |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid IVD | 124,964 | 67,297 |
| **Cisil Bhánbhuí** | | |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí le um tháirgeadh pláitíní taiscthe | 42,077 | Neamhbhainteach |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí | 4,780 | Neamhbhainteach |

| Táirge Tánaisteach | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Cealla Dearga** | | |
| Cill Dhearg Curtha ar Fuaidreamh Arís | 789 | 737 |
| Cealla Dearga Nite | 27 | 8 |
| Cealla Dearga Leáite/Nite | 0 | 0 |
| Cealla Dearga le haghaidh IUT | 19 | 19 |
| Cealla Dearga, Plasma Laghdaithe | 489 | 316 |
| Cealla Dearga Roinnte le haghaidh Úsáid Nua-Naíoch | 901 | 763 |
| Cill Dhearg, Ionradaithe | 15,737 | 15,270 |
| Lánfhuil Athdhéanta | 1 | 1 |
| **Táirgí Plasma** | | |
| Plasma Criólaghdaithe | 181 | 0 |
| Crióidheascán le haghaidh úsáid nua-naíoch | 181 | 142 |
| **Aifiréis pláitíní** | | |
| Pláitíní aifiréise | 18,950 [2] | 9,240 [3] |
| **Táirgí Pláitíní** | | |
| Pláitíní, Aifiréis, Nite | 18 | 18 |
| Pláitíní, Dáileog Phéidiatraiceach | 18 | 17 |
| Pláitíní, Forthiubhaithe | 3 | 0 |
| Pláitíní, Aifiréis, Saol Sínte | 7,898 [4] | 6,008 |
| Pláitíní, Taiscthe | 6,783 | 3,328 [5] |
| Pláitíní taiscthe, Saol Sínte | 2,684 [6] | 2,290 [5] |
| **Cisil Bhánbhuí** | | |
| Leocaicítí, Taiscthe | 7 | 7 |
| Leocaicítí, Taiscthe, Laghdú ar Líon na gCeall Dearg | 1 | 0 |

**Fo-nótaí:**

1 Is é seo an líon a eisíodh go sonrach d'úsáid nua-naíoch, athraíodh na haonaid ullmhaithe a bhí fágtha mar tháirgí úsáide do dhaoine fásta.

2 Is é seo líon iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh in 2018.

3 Is é seo líon na ndáileog aifiréis pláitíní le seilfré 5 lae a eisíodh i gcomhair úsáide teiripí. Is é an difríocht idir ullmhaithe agus leithdháilte ná obair bhailíochtaithe a rinneadh.

4 Is fothacar iad sin d'iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh


5 Is é suim na bhfigiúirí sin líon iomlán na bpláitíní taiscthe a eisíodh i gcomhair úsáide teiripí (i.e. 3,328+2,290 = 5,618)

6 Is fothacar iad sin de na 6,783 pláitín taiscthe a ullmhaíodh Tabhair do d'aire, le do thoil, nach mbeidh an méid a táirgeadh ag teacht leis an méid a dáileadh mar gheall ar stoc ag teacht isteach a bhí ar fáil ó 2017 ach a eisíodh in 2018.


## Pláitíní

Is éard a bhí sa táirgeadh pláitíní ná 9,657 deonachán aifiréise a bailíodh go náisiúnta agus 6,783 pláitín taiscthe a ullmhaíodh san INF. Bailíodh agus próiseáladh na deonacháin aifiréise sa dá hionad, agus próiseáladh 75% díobh san INF agus 25% díobh i gCorcaigh.

### Táirgeadh Pláitíní




### Táirgeadh Pláitíní de réir Lárionaid Phróiseála




Tháinig laghdú beag ar an táirgeadh iomlán pláitíní a bhí oiriúnach i gcomhair a n-eisiúna i gcomparáid le 2017, bhí laghdú de 528 dáileog (-2.76%) ar phláitíní trí haifiréis, agus laghdú de 167 dáileog (-2.54%) ar phláitíní trí thaisceadh.


| | Aifiréis (dáileoga ineisithe) | Taiscthe (dáileoga ineisithe) | Iomlán (dáileoga) |
|---|---|---|---|
| 2017 | 19,148 | 6,578 | 25,726 |
| 2018 | 18,620 | 6,411 | 25,031 |
| Difríocht | -528 | -167 | -695 |
| Athrú % | -2.76% | -2.54% | -2.70% |

## Pláitíní, Aifiréis


Tháinig iomlán 18,620 dáileog ineisithe ón 9,657 deonachán aifiréis pláitíní. Is ionann seo agus ráta deonacháin 1.93 in aghaidh dáileoige, ráta a mhéadaigh go 2.00 nuair a fágadh deonacháin nárbh fhéidir a úsáid go teicniúil (330 deonachán) as an áireamh. Tháinig iomlán de 19,148 dáileog ineisithe ón 10,025 deonachán aifiréis pláitíní in 2017. Is ionann seo agus ráta deonacháin 1.91 in aghaidh dáileoige, ráta a mhéadaigh go 1.97 nuair a fágadh deonacháin nárbh fhéidir a úsáid go teicniúil (320 deonachán) as an áireamh.

As iomlán na ndáileog deonachán táirgiúil d'aifiréis pláitíní a bailíodh in 2018, bhí 9,906 (53.20%) díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta amháin agus bhí 8,714 (46.80%) díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta agus nua-naíoch araon.

### Deonacháin Aifiréise de réir Chineál Fleibeatóime





### Dáileoga Aifiréise de réir Chineál Fleibeatóime




Bailíodh deonacháin aifiréis pláitíní mar dheonachán dáileoige singile, dhá dháileoige, nó trí dháileoige


### Deonacháin Aifiréise de réir Chineál Deonacháin





Tháinig laghdú ar na deonacháin dáileoige singile agus dhá dháileoige agus tháinig méadú ar na deonacháin trí dháileog le hais 2017.

| | | Singil | Dúbailte | Triarach |
|---|---|---|---|---|
| **2017** | Úsáid ag Daoine Fásta | 643 | 4000 | 431 |
| | Úsáid Nua-naíoch | 528 | 3625 | 478 |
| | **Iomlán** | **1171** | **7,625** | **909** |
| **2018** | Úsáid ag Daoine Fásta | 555 (-13.7%) | 3921 (-2.0%) | 503 (+16.7%) |
| | Úsáid Nua-naíoch | 427 (-19.1%) | 3476 (-4.1%) | 445 (-6.9%) |
| | **Iomlán** | **982 (-16.1%)** | **7,397 (-3.0%)** | **948 (+4.3%)** |

### 2017/2018 Comparáid de réir Chineál Deonacháin





### Dáileoga Díorthaithe ó Chineálacha Éagsúla Deonacháin (2018)




## Pláitíní, Taiscthe

Táirgeadh iomlán de 6,783 pláitín taiscthe san INF in 2018. Ísliú 1.8% a bhí anseo ar an líon a próiseáladh in 2017 (6,909). Táirgeadh gach grúpa ABO/Rh ach amháin AB Diúltach. Is mar seo a bhí an miondealú de réir grúpa:


### Pláitíní Taiscthe de réir Ghrúpa ABO/Rh





Rinneadh leibhéal táirge ghrúpa ABO/Rh a choigeartú maidir leis an teagmhas sna grúpaí sin den daonra chun déileáil leis an bpatrún ordaithe do phláitíní.

| | O+ | O- | A+ | A - | B+ | B- | AB+ | AB- |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Minicíocht Daonra** | 47% | 8% | 26% | 5% | 9% | 2% | 0% | 0% |
| **Minicíocht Táirgthe** | 27% | 16% | 33% | 8% | 13% | 3% | 0% | 0% |
| **Difríocht** | -43% | +100% | +27% | +67% | +42% | +48% | -100% | -100% |

## Pláitíní Taiscthe de réir ABO Rh




## Táirgeadh Pláitíní Taiscthe i gComparáid le Tarlú ABO Rh sa Daonra




Dáileadh na táirgí déanta go náisiúnta in 2018 de réir mar a léirítear sa tábla thíos:

| Táirge | Dáilte |
|---|---|
| Riastap 1g | 7,154 |
| Octaplex 500 | 121 |
| LG Octaplas O | 9,366 |
| LG Octaplas A | 5,657 |
| LG Octaplas B | 2,135 |
| LG Octaplas AB | 1,010 |

1 Do chuspóirí bainistíochta stoic

## An tSaotharlann Forbartha Táirgí,

D'oibrigh an tSaotharlann Forbartha Táirgí ar réimse tionscadal le linn 2018:

4. Ullmhú na gcáipéisí tairisceana chun deighilteoirí fola a chur in ionad cinn eile, athbhreithniú ar thairiscintí a fuarthas, agus tús a chur leis an bpróiseas bailíochtaithe. Tógadh an chéad chéim den bhailíochtú (cáilíocht deartha ar na deighilteoirí fola a tairgeadh don tairiscint a chur i láthair agus athbhreithniú a dhéanamh air) chun críche i ndeireadh 2018.
5. Deimhniú ar phacaí fola atá á dtairiscint trí chonradh EuroBloodPack II. Tugadh é seo chun críche in 2018.
6. Bailíochtú ar tháirgí cealla dhearg agus pláitíní a rinneadh a ní agus a cuireadh ar fuaidreamh athuair i dtuaslagáin bhreiseánacha. Tugadh é seo chun críche in 2018.
7. Bailíochtú ar an méid tuaslagán breiseánach a mhéadú le linn tháirgeadh uathoibrithe phláitíní taiscthe. Tugadh é seo chun críche in 2018.




# Tástáil

## An tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN)

Tá an tSaotharlann Tástála Aigéid Núicléasaigh (TAN) suite ag an INF agus cuireann sí tástáil náisiúnta mhóilíneach ar dheonacháin fola ar fáil ó gach ionad de SFÉ. Na measúnachtaí a úsáideadh i scagthástáil shaotharlann TAN don aigéad núicléasach víreasach (RNA/DNA) de phataiginí fuil-iompartha amhail víreas easpa imdhíonachta daonna cineáil 1 agus 2 (HIV-1/2), víreas Heipitíteas C (VHC), víreas Heipitíteas B (VHB) Heipitíteas E (VHE) agus víreas na Níle Thiar(VNT).

Déanann saotharlann TAN Deonachán Aonair (DA) -TAN trí húsáid ardán Panther i gcomhar le measúnacht Ultrio Elite (UE) agus measúnachtaí víreas Heipitíteas E (VHE). Is córas dúnta uathoibríoch iomlán é an gaireas Panther a dhéanann tástáil TAN. Is measúnú ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (OMT) é measúnú Procleix Ultrio Elite chun Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna Chineál 1 agus 2 (HIV-1/2) RNA, víreas Heipitíteas C (VHC) RNA agus víreas Heipitíteas B (VHB) DNA a bhrath i bplasma daonna.  Braitheann measúnú Procleix HEV HEV RNA (curtha i bhfeidhm ar an 4 Eanáir 2016) le maoiniú a d'fhaomh an Roinn Sláinte go 2021. Rinneadh tástáil ID- NAT ar 140,984 sampla le linn 2018 do HIV-1/2, VHC, VHC, VHB agus VHE.

Braitheann measúnú Procleix le haghaidh Víreas na Níle Thiar (VNT) RNA VNT leibhéil ísil (ginealach 1&2) go hiontaofa i ndeonacháin fola trí hardán Panther. Sular tugadh seo isteach, cuireadh siar deonú fola na ndaoine sin a thaisteal go háit bhaolach VNT le 28 lá anuas. Tugadh isteach tástáil roghnach ar dheonacháin fhola le haghaidh VNT mar mhalairt ar an gcur siar geografach 28 lae ar dheontóirí ón 14 Bealtaine 2018 go dtí an




28 Nollaig 2018. Rinneadh tástáil ar 3,047 deonú (3.36%) do NVT RNA le linn an fhráma ama seo.

Cinntíonn Rialú Cáilíochta Tástála TAN monatóireacht chruinn ar leochaileacht anailíseach agus in-atáirgtheacht ó thaobh mheasúnú scagthástála fola TAN de. Úsáidtear samplaí Rialaithe Sheachtraigh Cáilíochta (RSCanna) chomh maith chun monatóireacht a dhéanamh ar oilteacht agus chomhsheasmhacht theicniúil in íogaire bhaisceanna imoibrithe le hardán TAN Panther. Cuimsíonn measúnachtaí Grifols Procleix Calabróirí agus Rialú Inmheánach (RI). Úsáidtear RI chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú, agus úsáidtear é le cinntiú go bhfuil gach próiseas tástála déantúsóra á n-oibriú i gceart. Caithfidh sonraí calabróra cloí le sonraíochtaí measúnachta. Ghlac saotharlann TAN páirt in iliomad Scéimeanna um Measúnacht Sheachtrach Cáilíochta (SMSC) in 2018 agus níor tuairiscíodh aon neamhréir. Ligeann comparáidí idir saotharlanna trí húsáid bhogearraí EDCNet (An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha agus Séireolaíochta, SNT, an Astráil, www.nrlqa.net) dúinn athbhreithniú piaraí a dhéanamh le húsáideoirí eile Panther/Ultrio Elite agus VNT ar fud an domhain. Tá an tsaotharlann TAN tiomanta d'fheabhsú leanúnach an phróiseas TAN . Bíonn pearsanra TAN ag freastal ar chomhdhálacha Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus bíonn siad rannpháirteach i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL).

# SNTIH

An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)

Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) réimse cuimsitheach de sheirbhísí tástála cliniciúla ar fáil le tacú leis na cláir um thrasphlandú gascheall fuilghinte allataigineach (TGFA) in Ospidéal San Séamus agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Cinneann an tsaotharlann cineál antaigin leocaicíte daonna (ALD) gach othair agus deontóra (ghaolmhair nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú le cabhrú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna atá go hiomlán móilíneach agus iad bunaithe ar an Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (ISP) chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD.

Tá clár cuimsitheach um dhearbhú cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha tástála oilteachta le haghaidh thíopáil ALD, Ghéinitíopáil Antaigin Pláitíní Daonna (APD) agus imscrúduithe antasubstainte ALD. Tá an SNTHI creidiúnaithe ag an gCónaidhm Eorpach um Imdhíon-ghéinitic (CEI) ó 2001.

Rinne an SNTHI tíopáil ALD in 2018 ar shamplaí ó 214 othar Éireannach le haghaidh thrasphlandú féideartha gascheall fuilghinte agus rinne siad tíopáil ALD ar a ngaolta chomh maith. I gcás na n-othar sin nach bhfuil deontóir oiriúnach muinteartha acu, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ón gclár deontóirí deonacha. Cuireann an SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéinitice ar fáil do Chlár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ), agus rinne an tsaotharlann tíopáil ALD in 2018 ar 360 deontóir deonach nua le cur leis an gclár.


Le 10 mbliana anuas, tá an CSNÉ tar éis 467 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha.

Rinneadh iomlán de 62 thrasphlandú deontóra neamhghaolmhair in 2018 (Figiúr a 1). Caoga a dó acu in Ospidéal San Séamas agus 10 gcinn in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn.

Bhí iomlán de 295 deontóir pláitíní de chineál HLA-A agus -B, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrmhaithe pláitíní do na hospidéil.


Chomh maith leis sin, cuirtear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní d'imscrúdú séireolaíoch trombaicítipéine nua-naíche alla-imdhíonaí (TNA), Galar Corcra Iar-Fhuilaistrithe (GCIF), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar fáil.

**Líon na nOthar Éireannach a fuair TGFA ó Dheontóir Neamhghaolmhar ó 2009-2018**




Cuireann an SNTHI seirbhís rialta um thíopáil ALD gaol galair ar fáil chomh maith. Rinneadh 59% de na himscrúduithe a rinneadh in 2018 tríd an tseirbhís seo (Figiúr a 2). Bíonn an chuid is mó de na samplaí tarchurtha le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha.

**Dáileadh Imscrúduithe SNTIH**




# An tSaotharlann Víreolaíochta

Is í an aidhm atá ag Saotharlann Víreolaíochta SFÉ ná scagthástáil éigeantach a dhéanamh ar na deonacháin fola ar fad faoi choinne láithreacht antasubstainte in aghaidh Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (frith-HIV 1 / 2), antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C (frith-VHC), antasubstaint in aghaidh Víreas Daonna T-Lymphotropic cineál I agus II (anti-HTLV-I / II), antasubstaint in aghaidh phríomh-antasubstaint Heipitíteas B (frith-VHB), antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg), antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum (Gallbholgach). Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) (timpeall 80% de dheonuithe) ionas go mbíonn soláthar de dheonacháin CMV dhiúltaigh ann do na hothair atá i mbaol aimhréidheanna ionfhabhtú CMV e.g. othair atá imdhíon-lagaithe.

Faigheann an tsaotharlann Víreolaíochta sampla de shéirim théachta ó gach deontóir, agus é tógtha ag am an deonacháin, rud a aithnítear le haitheantóir barrachóid uathúil. Iompraítear

gach sampla ó na clinicí do dheontóirí fola go dtí an INF thar oíche agus déantar tástáil orthu an lá dár gcionn. Tástáladh tuairim is 139,236 sampla deonacháin agus 1,746 sampla céaduaire ó dheontóirí céaduaire amháin in 2018.

Cuirtear lipéid ar na comhchodanna fola i gcomhair eisiúna chomh fada is a bhíonn torthaí na tástála gach lá agus do gach deontóir diúltach agus go mbeidh saotharlanna uile SFÉ in ann torthaí sásúla a eisiúint.

Dhearbhaigh an tSaotharlann Víreolaíochta Córas Abbott Alinity, ar anailíseoir imdhíonmheasúnacht ardtréchuir uathoibrithe go hiomlán é chun láithreacht antaiginí agus antasubstaintí ar leith a dheimhniú trí húsáid a bhaint as teicneolaíocht cheimilonrach imdhíonmheasúnachta (CMIA) chun cur in ionad chórais tástála Abbott Prism agus DiaSorin Etimax agus thug sí isteach é in 2018. Táthar ag úsáid Chóras Abbott Alinity de ghnáth ó Dheireadh Fómhair 2018 chun tástáil a dhéanamh ar dheontóirí fola Éireannacha agus tá sé in ann seacht measúnacht ar a n-áirítear HIV Ag/Ab Combo, HTLV I/II, Frith-HCV, HBsAg, Frith-HBc, CMV IgG agus Gallbholgach a phróiseáil ag an am céanna. Cuirtear an marc CE ar gach measúnú. Déanann an córas suas le 500 tástáil CMIA ina aghaidh uair an chloig. Déantar na torthaí a ghintear ó Chóras Abbott Alinity a bhainistiú agus úsáid á baint as bogearra Abbott AlinIQ AMS.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla i SFÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fhíochán chomhla croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta freagrach chomh maith as atreorú agus tuairisciú samplaí frithghníomhacha athuaire (TAN san áireamh) ó na cláir do dheontóirí agus do dhaoine nach deontóirí iad chuig an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Víreas (STNV) agus an tSaotharlann Lárnach Paiteolaíochta (SLP) in Ospidéal San Séamas le haghaidh thástáil deimhniúcháin/bhreise. Uaireanta cuirtear samplaí ón saotharlann Víreolaíochta chuig gníomhaireachtaí thar lear amhail SNBTS in Albain agus an tSaotharlann Náisiúnta Micribhitheolaíochta Aistriúcháin (NTMRL) in Collindale RA (e.g. tástáil Maláire) chun tástáil bhreise Víreolaíochta a dhéanamh orthu.

Caithfidh an tSaotharlann Víreolaíochta a chinntiú go mbaintear amach feidhmíocht ionchasach measúnuithe tríd an tástáil réamhghlactha chuí a dhéanamh ar bhaiscí agus trí chaighdeáin ón 'Institiúid Náisiúnta um Chaighdeáin Bhitheolaíochta agus Rialúchán sa Ríocht Aontaithe' a úsáid, agus rialúchán ilmharcóra ón tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Séireolaíochta san Astráil (an SNT, an Astráil) "Acrometrix Q Connect Blue" mar rialúcháin ceadaithe/diúltaithe ar gach tástáil. Úsáidtear na caighdeáin seo um rialú cáilíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na feidhmíochta tástála trí rialú phróiseas staidrimh go laethúil, agus de réir a chéile, mar mhonatóir siarghabhálach ar fheidhmíocht baisceanna. Bíonn an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do SFÉ comparáid a dhéanamh idir torthaí anseo agus in Ionaid Fola sa Ríocht Aontaithe.

Tá an tsaotharlann páirteach chomh maith sa chlár faireachais atá á reáchtáil ag an Aonad um Eipidéimeolaíocht Fola agus Trasphlandaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (FTSNS)/Gníomhaireacht um Chosaint Sláinte sa RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe athfhilltigh agus na rátaí deimhnithe dearfacha le haghaidh fearas tástála trí huimhreacha éagsúla míre imoibrithe le FTSNS a úsáid. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

Glacann an tsaotharlann Víreolaíochta páirt i dtrí chlár oilteachta, ceann amháin a bhíonn scaipthe ag Seirbhís Náisiúnta Measúnaithe Sheachtraigh Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (SNMSC RA) le haghaidh Micreabhitheolaíochta, an dara ceann ag an SNT, an Astráil, agus an tríú ceann ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (SECLCS).

Glacann an tSaotharlann páirt freisin i roinnt chláir Iniúchta Inmheánaigh agus Sheachtraigh chun cloí laistigh de Chóras Bainistíochta Cáilíochta Víreolaíochta (QMS) a chinntiú. Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS), rannóg Dhearbhú Cáilíochta SFÉ (DC) agus an tSaotharlann Víreolaíochta iniúchadh ar phróisis agus mhodhanna oibre na Saotharlainne Víreolaíochta.

Tá plean tástála teagmhasachta seachtraí ag SFÉ i gcomhar le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban (SFNA). Bíonn an plean seo á thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana trí líon beag samplaí a sheoladh chuig SFNA le haghaidh thástáil Víreolaíochta. Níor ghá an plean tástála teagmhasachta seachtraí de chuid SFNA a chur i bhfeidhm i rith 2018.

Ba mhaith leis an tsaotharlann Víreolaíochta buíochas a ghlacadh leis an Iar-Cheann Tástála, Joe Donellan, a chuaigh ar scor ó SFÉ in 2018. Thug Joe seirbhís den scoth do SFÉ ar feadh breis agus 40 bliain. Ba mhaith linn gach rath a ghuí ar an bPríomheolaí Leighis Víreolaíochta, Padraig Williams, freisin ina ról nua mar Cheann Tástála i SFÉ agus buíochas a ghabháil leis as a sheirbhís uile sa tSaotharlann Víreolaíochta.

# RCI Baile Átha Cliath

Cuireann Saotharlann RCI seirbhísí fairsinge réamhaistriúcháin agus seirbhísí atreoraithe réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud an domhain.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá;

- Soláthar fola crosmheaitseáilte d'othair a bhfuil antasubstaintí casta iontu.
- Imscrúdú antasubstaintí ceall dearg lena n-áirítear cásanna casta séireolaíocha.
- Imscrúdú ar fhithghníomhartha haemalaíocha aistriúcháin fola.
- Tíopáil ABO/R, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí ghrúpaí fola.
- Imscrúdú ar othair trí thástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine.
- Imscrúdú ainéime uath-imdhíonachta haemalaíche.
- Imscrúdú ar ghalar haemalaíoch an fhéatais agus an linbh nuabheirthe (GHFBN).
- Scagthástáil Réamhbhreithe ar antasubstaintí ceall dearg chun toirchis atá i mbaol a aithint. (cáinníochtú antasubstaintí nó toirtmheascadh mar is cuí).
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol.
- Feinitíopáil ar chealla dearga deontóra.
- Comhairle chliniciúil agus eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil.
- Feinitíopáil shínte d'othair a bhíonn ag brath ar fhuilaistriú agus d'othair a bhfuil antasubstaintí casta ceall dearg iontu.
- Fuil neamhchoitianta a allmhairiú d'othair ainmnithe
- Seirbhís phráinne ar glao-dhualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta
- Imscrúdú ar chur isteach antasubstainte monaclónaí

Cuireann an RCI seirbhísí bhanc fola ospidéil ar fáil ag Ospís Mhuire agus Seirbhísí Cúraim agus ag Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga.

## Gníomhaíocht Saotharlainne

Cuireadh 2403 sampla ar aghaidh chuig Saotharlann RCI in 2018, sin laghdú de 13.6% ó 2017. Cuirtear laghdú suntasach (-98.9%) ar líon na samplaí a chuirtí roimhe seo chuig ceardlann RhD chuig Saotharlann Ghéineolaíochta Ghrúpa Fola ag SFÉ anois chun tástáil mhóilíneach a dhéanamh orthu.
Cé go raibh laghdú sa líon samplaí ina iomláine in 2018, tá ardú suntasach tagtha ar thástáil chomhoiriúnachta. Tháinig ardú de 34.1% ar thástáil chomhoiriúnachta, agus astu sin tháinig ardú de 33.9% ar thástáil comhoiriúnachta casta i gcomparáid le 2017. Ina theannta sin, tháinig ardú mór ar an líon iomlán atreoruithe 'lasmuigh de ghnáthuaireanta' ó 107 in 2017 go 185 i 2018 (ardú 72.9%}.

Mar atá tarlaithe i mblianta roimhe seo, tá ardleibhéal leanúnach de shamplaí á bhfáil atá deacair go séireolaíoch nó atá neamhchoitianta. D'aithin an tSaotharlann Diagnóisice na samplaí casta seo a leanas in 2018, cuid acu a raibh halla-antasubstaintí neamhchoitianta iontu:

| Antasubstaint | Othair | Atreoruithe |
|---|---|---|
| Frith-Chido/Rogers | 5 | 12 |
| Frith-f | 1 | 1 |
| Frith-Dob | 1 | 2 |
| Frith-H | 1 | 1 |
| Frith-HI | 4 | 5 |
| Frith-P1 | 5 | 7 |
| Frith-Lub | 1 | 1 |
| Frith-Wra | 4 | 4 |
| Bainteach le Cr1 | 1 | 5 |
| Frith-B imdhíonachta | 1 | 5 |
| Tíopa HTLA eile | 6 | 11 |
| Frith- Ce | 7 | 25 |

### Comparáid idir líon samplaí 2017 agus 2018

| | Líon iomlán samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Antasubstaint ID | Cainníochtú frith-D | Cainníochtú frith-C | Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoiriúnachta Casta | Líon iomlán lasmuigh de ghnáthuaireanta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2017** | 2780 | 379 | 2322 | 607 | 229 | 645 | 625 | 107 |
| **2018** | 2403 | 4 | 2244 | 503 | 144 | 865 | 837 | 185 |
| **(%)** | -13.6% | -98.9% | -3.4% | -17.1% | -37.1% | 34.1% | 33.9% | 72.9% |

| Antasubstaint | Othair | Atreoruithe |
| --- | --- | --- |
| Frith-cE | 1 | 3 |
| Frith-JMH | 1 | 1 |
| Bainteach le córas ar leith | 15 | 17 |
| Cur isteach Daratumumab | 54 | 200 |
| **Iomlán** | **108** | **300** |

Othair réamhbhreithe ab ea go leor de na hothair sin. I gcomhar leis an antasubstaint a aithint, rinneadh bainistiú maidir leis an riosca GHFBN agus le riachtanais fola don mháthair agus don leanbh araon. Bhí rath ar na torthaí go léir go dtí seo.
Bhí ardú leanúnach le feiceáil in 2018 ar atreoruithe ó othair a bhí ag fáil an druga Daratumumab chun cóir leighis a chur ar othair a bhfuil mialóma iolrach orthu. . Tugadh ceadúnas chun an druga a úsáid in Éirinn in Aibreán 2018.

Lean an tsaotharlann dá fardal Cealla agus Antaiséirim Tagartha Neamhchoitianta a fhorbairt (trína ballraíocht ar an Líonra Malartaithe Idirnáisiúnta um Shéiream, Chealla agus Leachta Neamhchoitianta (SCLN) agus i Malartán Ceall an RA) agus tá sí tar éis barrfheabhsú a dhéanamh ar a modheolaíochtaí tástála le dul in oiriúint do dhéimeagrafaic athraitheach dhaonra na hÉireann.

Cuireann an tSaotharlann Diagnóisice litríocht ar fáil do réimse na heolaíochta fuilaistriúcháin. Cuireadh na póstaeir seo a leanas i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar atá liostaithe thíos:

- **HAI Corcaigh:** An t-iliomad antasubstaintí ceall dearg agus athraitheach neamhchoitianta RhD nach raibh súil leis i mbean thorrach. Tomasz Tomkiewicz, Edel Scally, Barry Doyle, Mark Lambert, Fergus Guilfoyle, Michael O'Connell, Stephen Field.
- **BBTS Brighton:** Anailís ar thrasnaíl fhéideartha i measúnú chainníochtú antasubstainte a úsáidtear i dtástáil réamhbhreithe. Cait Geaney, Barry Doyle, Christina Ryan, Stephen Field.
- **AABB Bostún:** Measúnacht ar phróitéin ghrúpa fola athchuingrigh i dtástáil réamhaistriúcháin agus réamhbhreithe i saotharlann RCI. Aisling Costelloe, Edel Scally, Barry Doyle, Diarmaid O'Donghaile.
- **Biomedica Baile Átha Cliath:** T Pol-aglúitinigíní a braitheadh i nua-naí. Edel Scally, June Bowens, Barry Doyle, Diarmaid O'Donghaile, Beatrice Nolan.

### Allmhairiú fola neamhchoitianta/ táirgí

Allmhairíodh iomlán de 2 h-aonad d' fheinitíopa annamh ón iasacht in 2018.

### Rannpháirtíocht i Scéimeanna um Dhearbhú Seachtrach Cáilíochta

Tá saotharlann RCI rannpháirteach i 3 scéim dhifriúil um dhearbhú cáilíochta; 4 chleachtadh in IEQAS, 4 chleachtadh in AQQAS agus 10 gcleachtadh in NEQAS chomh maith le scéimeanna píolótacha NEQAS i bhfeinitíopáil ceall dearg, DAT agus toirtmheascadh antasubstainte. Ina theannta sin, tá saotharlann RCI ag glacadh páirte i scéimeanna comparáide idir saotharlanna do theicnicí eisionnalta agus toirtmheasctha antasubstainte.

# Diagnóisic/ Crosmheaitseáil Chorcaí

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Na gnáthsheirbhísí, cuirtear ar fáil iad d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT), d'Ospidéal Naomh Fionnbarra, don Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus d'Ospidéal/Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire; cuirtear na seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus oifigigh seachadta ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.

### Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá

Déanann Ionad Chorcaí, mar Thaisce Fola do roinnt ospidéal grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn sé cealla dearga crosmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Cuireann sé comhairle saotharlainne agus chliniciúil ar fáil do na hothair seo. Imscrúdú ar frithghníomhartha féideartha ar aistriúcháin fhola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fhuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.

Ina ról mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn Ionad Chorcaí tíopáil chasta nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil shínte d'othair atá ag brath ar fhuilaistriú, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/an pháiste nuabheirthe,

agus antasubstaintí casta, agus cuireann cealla dearga sínte meaitseáilte (feinitíopáilte) agus crosmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. D'fhéadfaí gurbh gá roinnt uaireanta a chaitheamh chun samplaí ar leith a imscrúdú go hiomlán sna cásanna seo, agus seans go mbeadh gá le scagthástáil deonachán nuair nach bhfuil cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. B'éigean atreorú speisialtóra breise a chur ar thrí shampla othar chuig an tsaotharlann tagartha um ghrúpaí fola idirnáisiúnta (IBGRL) Briostó, agus cuireadh 17 sampla eile chuig an INF le géinitíopáil a dhéanamh orthu.  Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.

Agus í mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn Ionad Chorcaí othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun fáil fola meaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.

Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhchodanna speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhchuid pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonacha maidir le cealla dearga thíopa antaigine, comhchodanna fola ionradaithe agus comhchodanna fola do linbh.


Ina ról mar eolaithe a bhíonn ar dualgas iar-ama, cuireann eolaithe na saotharlainne diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhchodanna fola agus trí dhéileáil le hathghairmeacha, agus is iad an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí an fhoireann leighis.

Bhí an fheidhmíocht i Scéimeanna um Measúnacht Sheachtrach Cáilíochta sásúil i rith na bliana, agus d'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe Chumann Fuilaistriúcháin na Breataine (CFB) UKNEQAS agus SMSCÉ.

## Gníomhaíocht na Saotharlainne Diagnóisice in 2018

**Iomlán na samplaí a fuarthas in 2018: 3714 (2017: 3491)**

## Gníomhaíocht Diagnóisice Chorcaí in 2018



# Grúpáil Deontóra

Tá freagracht ar an nGrúpáil Deontóra Uathoibrithe (GDU) faoin ngrúpa fola ABO agus faoin tíopáil Rh D nach mór a bheith deimhnithe ar gach deonú fola agus caithfear gach deonú a thástáil i gcomhair antasubstaint cheall dearg trí ghnáthscágáil antasubstainte a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an t-othar ag fáil fuil comhoiriúnach

Rinneadh tástáil ar 139,236 sampla deonacháin in 2018 agus ba ó dheontóirí a bhí ag tabhairt a gcéad dheonú a tháinig 11,480 (8.25 %) díobh. Ina theannta sin, rinneadh tástáil ar 1,746 sampla ó dheontóirí nua amháin in 2018. Is féidir minicíochtaí na gcineálacha fola in Éirinn a mheas leis na torthaí a fhaightear ó dheontóirí nua a thástáil.

Bíonn an Ghrúpáil Uathoibrithe Deontóirí ar a dícheall i gcónaí chun na teicnící tástála is déanaí agus is leochailí atá ar fáil a thabhairt isteach. Baintear seo amach trí thaighde aonair, nó trí thionscadail a dhéantar mar chuid de staidéar breise. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn na hathruithe seo sábháilteacht táirgí fola, ach méadaíonn siad éifeachtúlacht soláthair táirgí ceall dearg ina bhfuil feinitíopaí neamhchoitianta nó casta, mar fhreagra ar iarratais ar leith ó ospidéil. Tháinig dhá anailíseoir imdhíonhaemaiteolaíochta OrthoVision in ionad na n-ardán tíopála fola QASAR in 2018, le teicneolaíocht níos nua-aimseartha agus scagthástáil chorrántcheallach a bhaineann úsáid as an modh crómatagrafaíochta leachta ardfheidhmíochta.

Amach ó na tástálacha riachtanacha séireolaíocha a dhéanamh (scagthástáil ABO, RhD agus antasubstaintí), déanann an tsaotharlann scagthástáil agus tíopáil rialta ar dheontóirí ar mhaithe leis na feinitíopaí atá níos neamhchoitianta nó comhcheangail tíopaí a aimsiú, rudaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth in éigeandáil. Rinne an tsaotharlann scagthástáil ar na mílte deontóir feinitíopa Rh (C,c,E,e) agus cineál antaigine eile in 2018. Chuir na haonaid thíopáilte seo fuil thíopáilte ar fáil d'orduithe rialta ospidéil, aistriú ionútarach agus iarratais éigeandála ar aonaid antaigine diúltaí níos casta. Cuireann an tsaotharlann aonaid tíopála agus scagtha ar fáil d'othair a bhfuil galair chorrántcheallacha orthu. De réir mar a thagann ardú ar aoisghrúpa na n-othar sin tá méadú dá réir ar an éileamh ar aonaid Hbs dhiúltacha chun úsáid ina gcóir leighis.

Tá an tionscadal chun an pobal deonacháin a scagthástáil chun deontóirí diúltacha k a fháil críochnaithe anois agus tá painéal láidir de dheontóirí diúltacha k (cellano) (minicíocht 1:1000) ag SFÉ anois agus beifear in ann déileáil le haon iarratas ar fhuil dhiúltach k trí húsáid a bhaint as an stoc atá ann cheana, nó is féidir iarraidh ar dheontóirí ar leith ón ngrúpa cuí ABO nó feinitíopa Rh teacht isteach chun deonú le plé leis an iarratas.

Thosaigh an tsaotharlann ag scagthástáil deontóirí áirithe in 2013 le trealamh nua um thíopáil pháirteach RhD le deontóirí atá ag iompar tíopa athraitheach RhD a aimsiú. Bhí sé seo mar fhreagra ar aimsiú deontóra a bhí tíopáilte a bheith Rh D diúltach roimhe seo, ach go bhfuarthas amach go raibh athraitheach lag RhD thar a bheith neamhchoitianta ann (cineál 10). D'fhág sé seo go raibh RhD dearfach an-lag sa deontóir seo, agus d'fhéadfadh iarmhairtí a bheith air sin dá n-aistreofaí an t-aonad sin go fíor-fhaighteoir RhD diúltach. Is gnách go mbíonn antaigin Rh C nó antaigin Rh E níos neamhchoitianta sna cineálacha neamhchoitianta laga RhD seo chomh maith. Mar sin, maidir le gach cás RhD dhiúltaigh a bhí dearfach freisin d'antaiginí RhC nó RhE, díríodh air i gcomhair scagthástála. Beifear ag déanamh imscrúdú leanúnach ar dheontóirí nua leis an bhfeinitíopa Rh.D agus tá painéal aitheanta de 20 deontóir ina bhfuil cineálacha neamhchoitiantde RhD lag.

Glacann an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe páirt i dtrí chineál scéime um mheasúnacht sheachtrach cáilíochta, a chuimsíonn 15 chleachtadh shéireolaíochta a thaisceadh gach bliain, 6 chleachtadh haemaglóibine neamhghnácha agus suirbhé mór idirnáisiúnta a chlúdaíonn gach gné de thástáil séireolaíochta na saotharlainne. Déantar monatóireacht ar inniúlacht na foirne trí húsáid na scéimeanna seo, agus cuimsíonn sí seo tástáil samplaí trí theicnící uathoibrithe agus láimhe araon. D'éirigh le foireann na saotharlainne cruinneas 100% a bhaint amach sa Scéim Náisiúnta um Measúnacht Sheachtrach Cáilíochta de chuid na Ríochta Aontaithe (SNSMC RA) ó cláraíodh an tsaotharlann den chéad uair in 2008. Baineadh amach torthaí sásúla sna cleachtaí SNSMC go léir a rinneadh in 2018. Déantar an dara scéim a chur i gcrích uair sa bhliain agus cuimsíonn sí seo gach gné de shéireolaíocht deontóirí, grúpáil ABO, tíopáil RhD, scagthástáil / aithint antasubstaintí agus tíopáil antaigine eile. Is suirbhé idirnáisiúnta í an scéim seo de chuid na Stiúrthóireachta Eorpaí um Cháilíocht Leigheasanna agus Cúram Sláinte ar chaighdeáin saotharlainne.

Ós rud é gur saoráid náisiúnta tástála í an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe Deontóirí, tá plean tástála seachtraí ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na meaisíní nó ar an láthair. Déantar an plean teagmhasachta a thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana (3 huaire san aer agus uair amháin ar an bhfarraige) trí cheithre shampla is fiche a sheoladh le bheith tástáilte. Tástáladh an teagmhasacht in 2018 agus bhí dea-thorthaí air seo, agus níorbh gá an plean seo a ghníomhachtú i bhfíorchás ó comhdhlúthaíodh an tástáil san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.



# Seirbhísí Eile

## An Banc Fíocháin

Is foras fíocháin ceadúnaithe (TE-12) san INF é an Banc fíocháin faoin Treoir maidir le Fíochán agus Cealla 2004/23/CE a leagann amach caighdeáin feabhais agus sábháilteachta maidir le deonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fiocháin agus ceall daonna. Déanann an tÚdarás Rialaithe Táirgí Sláinte cigireacht ar an mbanc gach dara bliain. Bainistíonn an banc fíocháin an fíochán súl go léir, comhlaí croí, craiceann agus roinnt fíocháin mhatánchnámharlaigh go náisiúnta.

Ar na táirgí a chuirtear ar fáil, tá coirní, do ghnáthaimh DSAEK, DMEK agus PK araon, scléara, aimnian, peireacairdiam agus fascia lata. Allmhairítear na táirgí súilí seo go léir ó SAM. Cuireann SFÉ braonta súl séirim uathlógaigh ar fáil d'othair a bhfuil fadhb mhór acu le súile tirime chomh maith tar éis di iarratas a fháil ó oftailmeolaí. Tá ceadúnas GMP ag an mbanc fíocháin freisin chun Gaschealla Liombacha a tháirgeadh. Úsáidtear na nóduithe seo chun othair a bhfuil easnamh gascheall liombach orthu a chóireáil go rathúil.

Tá craiceann daonna ar fáil freisin chun drochdhó a chóireáil agus déantar é a allmhairiú ón mbanc fíocháin BST i mBarcelona, sa Spáinn. Is don aonad Dó in Ospidéal Naomh Séamus is mó a chuirtear an craiceann ar fáil.

Is conraitheoir tríú páirtí í SFÉ ag OOMM le haghaidh phróiseáil, chrió-chaomhnú, agus dháileadh fíocháin dhaonna chardashoithigh.

## An tSeirbhís Aifiréise Teiripí Corcaigh

Cuireann an tSeirbhís Aifiréise Teiripí (SAT) in Ionad Chorcaí aifiréis theiripeach ar fáil d'othair i réigiún na Mumhan ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí (OOC), Ospidéal Ollscoile na Trócaire (OOT) agus Ospidéal Bon Secours, Corcaigh (OBSC). Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar chuig na háiseanna sin mar is cuí.


Stiúrann Comhairleach Chógas Aistriúcháin an SAT, agus tugann Oifigigh Leighis Speisialtóra agus altraí atá oilte ar ghnáthaimh theiripeacha cúnamh dó/di. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid, go háirithe an Terumo OPTIA Spectra. Bhain na gnáthaimh ar fad a rinneadh in 2018 le Malartú Plasma Teiripeach (MPT). Tá bogearra OPTIA cumasaithe i gcomhair Mhalartán Ceall Dearg (MCD) agus Ídiú Fuilcheall Bán (ÍFB).

Cuireann an SAT prótacal aifiréise ar fáil do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le Foireann an Ospidéil Chliniciúil a rinne an t-iarratas agus atá i bhfeighil an othair, agus iad treoraithe ag 'Treoirlínte agus Táscairí Cóireála' Chumann Aifiréise Mheiriceá (CAM -2016) agus áirítear sa chleachtas seo treoirlínte eile a chuimsíonn iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (BSH-2015).

Oibríonn SAT laistigh de chóras bainistíochta cáilíochta SFÉ, le pearsanra oilte, cáipéisíocht rialaithe, GOCanna, teicneolaíocht bailíochtaithe agus monatóireacht ar theagmhais dhíobhálacha. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha agus tá athruithe corpraithe i nGOCanna Teiripe SFÉ, i bpolasaithe agus nósanna imeachta cuí ospidéil. Freastalaíonn foireann an SAT ar chruinnithe sa RA agus go hidirnáisiúnta, agus cloíonn siad le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL), ar a n-áirítear iniúchadh. Tá rún ag an tseirbhís a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí idirnáisiúnta, nuair a bheidh sin ar fáil.

Fuair an SAT 32 tharchur othair in 2018 agus rinne sé 181 gnáthamh do 30 othar, ag dhá shuíomh ospidéil. Mar a thaispeántar sna táblaí agus sna figiúirí a leanas, bíonn an t-éileamh ar SAT inathraitheach agus deacair a thuar. Cuimsíonn inathraitheacht éilimh iarraidh ar ospidéil, speisialtóirí, comhairligh, céim práinne, catagóir ASFA agus treochta de réir míosa, deireadh seachtaine agus iar-ama.

**Iomlán na nGnáthamh Bliantúil 2016 - 2018**





## Treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí

Tá treocht agus inathraitheacht an éilimh ar an tSeirbhís le blianta beaga anuas ar taispeáint thíos

## Seirbhís Dheireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta


Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta má tá a ndiagnóis ina bagairt ar a mbeatha nó ar a n-orgáin. D'fhéadfaí an clár cóireála síneadh ar feadh tréimhse dheireadh seachtaine. Rinneadh 43 (23.7%) den 181 gnáthamh

**Éileamh ar sheirbhís de réir na míosa 2016-2018**



in 2018 ag an deireadh seachtaine agus 8 (4.0%) lasmuigh de ghnáth-uaireanta oibre i rith na seachtaine. Taispeántar an treocht maidir le héileamh (de réir ráithe) ar sheirbhís dheireadh seachtaine, lá saoire bainc agus iar-ama de réir ráithe anseo.


### Soláthar Seirbhíse Deireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc, Lasmuigh de Ghnáthuaireanta i 2018




## Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

Tháinig formhór na n-othar (70%) isteach le riochtaí néareolaíocha, agus fadhbanna duánaigh (19%) agus haemaiteolaíochta (11%) agus riochtaí eile (0.5%) ina dhiaidh sin

### Othair de réir Speisialtachta i 2018





Soláthar Seirbhíse de réir ospidéil


Ba í OOC is mó a rinne éileamh ar SAT agus fuair 89% d'othair cóir leighis in 2018. D'atreoraigh OOT 11% d'othair.

Tá comparáid thíos ar sholáthar seirbhíse ag OOC, OOT agus OBSC thar na 3 bliana seo caite de réir othair agus gnáthaimh.

### Soláthar Seirbhíse d'Othair de réir Ospidéil i 2018




### Gnáthaimh de réir Ospidéil 2016 go 2018




Treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (CAM)

Baintear úsáid as treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (CAM) chun prótacail um chóireáil othair aonair a phleanáil. Tá siad sin bunaithe ar cháilíocht na fianaise tacúla agus neart an mholta a ndearnadh mar gheall ar an bhfianaise sin. Foilsíodh na treoirlínte is deireanaí (7ú Eag.) in 2016.

**Catagóir I** – Neamhoird lena nglactar le haifiréis mar theiripe céad líne, ina haonar nó i gcomhar le modhanna cóireála eile.

**Catagóir II** – Neamhoird lena nglactar le haifiréis mar theiripe dara líne, ina haonar nó i gcomhar le modhanna cóireála eile.

**Catagóir III** – Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – Déantar cinntí ar bhonn aonair.

**Catagóir IV**– Neamhoird ina léiríonn nó a dtugann fianaise atá foilsithe le tuiscint nach bhfuil éifeacht le haifiréis nó go bhfuil sí díobhálach.


## Céim práinne na Seirbhíse Aifiréise Teiripí atá ag teastáil

D'fhéadfadh Aifiréis Theiripeach a bheith mar chuid den fhreagra cliniciúil práinneach ar riochtaí othar, i gcás roinnt riochtaí. D'fhéadfadh aifiréis luath an bhagairt ar bheatha nó ar orgáin a mhaolú. Bhí ard-phráinn ag baint le 83% d'othair agus práinn mheasartha ag baint le 14% in 2018.

### Práinn na Seirbhíse de réir othair, gnáthaimh agus speisialtóireachta

| Práinn na Seirbhíse de réir othair & gnáthaimh | | |
|---|---|---|
| **Práinn** | **Othair 2018** | **Gnáthaimh 2018** |
| Práinneach | 27 | 168 |
| Roghnach | 3 | 13 |
| **Iomlán** | **30** | **181** |


### Céim na Práinne de réir Othar agus Gnáthamh 2018




## Rochtain shoithíche ag othair agus ag gnáthaimh

Teastaíonn, i gcomhair Aifiréise Teiripeaí, sruth fola den scoth, arbh fhéidir go mbeadh gá aige le tacaíocht ó shocrúchán líne lárnaigh a shocródh Seirbhísí Ainéistéiseolaíochta nó Raideolaíochta ag an ospidéal atreoraithe, go háirithe do dhian-chlár thar líon gearr laethanta. Bhí gá ag formhór suntasach othar le líne lárnach in 2018, bhí meascán de chineálacha rochtana soíthiche ag cuid acu.

### Rochtain Shoithíoch de réir Gnáthaimh 2018




## Gnáthaimh a Cuireadh ar Ceal

Cuireadh aon ghnáthamh amháin ar ceal in 2018 mar gur dhiúltaigh an t-othar d'aifiréis bhreise agus do chóireáil eile tar éis dianchúraim.

## Creatlach Cáilíochta

Tugtar sainmhíniú ar chóras bainistíochta cáilíochta mar chóras atá curtha ar bhonn foirmiúil a dhéanann próisis, gnáthaimh agus freagrachtaí a thaifeadadh chun beartais agus spriocanna cáilíochta a bhaint amach. Cloíonn an tSeirbhís Aifiréise Teiripí le treoirlínte an Chumann Aifiréise Mheiriceá (CAM) 2016, agus treoirlínte Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (2015) agus déanann sé iniúchtaí inmheánacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach chun cleachtadh a chinntiú. Cinntíonn cumarsaid le seirbhísí aifeiríse eile ag comhdhálacha idirnáisiúnta agus sa RA go bhfuil seirbhís bunaithe ar fhianaise.

# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH)

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil haemafhaireachas sár-riachtanach chun cleachtadh aistriúcháin chliniciúil sábháilte a fhorbairt. Déanann sé eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe mar gheall ar fhuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur leo. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH), atá mar chuid de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ). Ó bunaíodh an clár i 1999, tuairiscíodh iomlán de 6,588 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach mar thoradh ar fhuilaistriú ó shin. Déanann an ONH idirchaidreamh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (OH) atá bunaithe sna hospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí Haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, cothaíonn an ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (LIH), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe (LFRA).

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Rinne an ONH athbhreithniú agus ghlac sí le TTDanna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/EC an AE maidir le Fuil, in éineacht le TTDanna neamh-éigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí seo ó fhorais fhola, ó bhainc fhola ospidéil agus ó áiseanna chúram sláinte. Tuairiscíodh 126 TTD éigeantach i rith 2018 (65% de na TTDanna go léir). Chomh maith leis sin, tuairiscíodh 69 TTD neamh-éigeantach (35% de na TTDanna go léir) a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Tugadh tuairisc ar iomlán de 115 frithghníomh a thagann leis na critéir in 2018. Tá laghdú tagtha ar an líon FTD Éigeantach (41) a tuairiscíodh go dtí seo i gcomparáid le figiúir a taifeadadh in 2017 (57).

## Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Ar mhaithe le cloí le Treoir 2005/61/ CE Aguisín II D agus III C ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola FBFTTD a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an ONH. Thuairiscigh an ONH ar 198 tuairisc éigeantach in 2017, agus bhí tiomsú thuairisc FBFTTD 2018 ag dul ar aghaidh agus an tuarascáil seo á scríobh.

## An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS)

Is é an ÚRTS an t-údarás inniúil chun gach réimse de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus mar a tharla i mblianta roimhe seo, tionóladh cruinnithe rialta um athbhreithniú cásanna leis an ONH chun teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an ONH le forbairt leanúnach ar chláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí hobair a dhéanamh i ndlúthpháirt le OHanna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh den oideachas leanúnach ar eolaithe leighis fochéime agus iarchéime agus cláraitheoirí speisialtóra chomh maith i rith na bliana.

I gcomhréir lena sainordú tacú le foireann na n-ospidéal, chuir an ONH 'lá oscailte' ar siúl i Mí Eanáir le haghaidh OHanna nua-cheaptha a dhírigh ar ghnéithe den chóras tuairiscithe agus ar dhul i dtaithí ar oibriú SFÉ agus an ONH. D'fhreastail fiche OH nua-cheaptha ar an ócáid.

## Comhdháil an ONH in 2018

Bhí breis is 240 toscaire ó chúlraí leighis, altranais agus eolaíochta i láthair in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh ar an 24 Deireadh Fómhair le haghaidh Chomhdháil an ONH in 2018. Bhí toscairí i láthair ó gach ospidéal i bPoblacht na hÉireann nach mór, in éineacht le hionadaithe ó Thuaisceart Éireann agus codanna eile den Ríocht Aontaithe.

Bhí sé bunaithe ar an téama 'Haemafhaireachas - a lán gnéithe' agus tháinig cainteoirí ó go leor disciplíní in Éirinn agus sa RA a bhí bainteach le hAistriúchán Fola, Bainistíocht Fola Othair agus Cúinsí Daonna i Sábháilteacht Othair. Cuireadh láithreachais ar fáil, san áit a ceadaíodh ar www.giveblood.ie (bileoga ar Haemafhaireachas).

Ritheadh Comórtas Póstaeir freisin, i gcomhar leis an gComhdháil, rud a thug deis don fhoireann a gcuid oibre agus tionscnamh a chur i láthair i réimse an aistriúcháin. Cuireadh isteach 20 iarracht don chomórtas ó ospidéil agus ó SFÉ. Thiomsaigh foireann faoi cheannas Deirdre Harrington, Oifigeach Haemafhaireachais, Ospidéal Ollscoile Chorcaí an t-iarratas a bhuaigh, a thug athbhreithniú ar mhonatóireacht agus ar fheasacht Fhrithghníomhuithe Ró-ualú Imshruthaithe Bainteach le Fuilaistriú (TACO). Shonraigh na Moltóirí Póstaer go raibh caighdeán ard ag gabháil leis na hiarratais póstaeir a cuireadh isteach. Bhí seastáin ag roinnt taispeántóirí tionscail i rith an lae.

### Ríomhfhoghlaim

Lean SFÉ de cheadúnú agus sholáthar clár ríomhfhoghlama 'Learnbloodtransfusion' d'ospidéil trí LearnProNHS.

Tá an chuid is mó d'ospidéil na hÉireann agus roinnt institiúidí tríú leibhéal cláraithe sa chlár. Cuimsíonn sé seo foireann ospidéil agus fochéimithe cúram sláinte in ollscoileanna áirithe atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas cúrsa éigeantaigh. Tá ar a laghad ceann de na modúil 'Learnbloodtransfusion' críochnaithe ag os cionn 10,500 úsáideoir.

## Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsear fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ar leith ó bhroinn orthu. I gcás líon mór othar nach bhfuil an rogha tosaíochta acu mar atá siblíneach atá comhoiriúnach go hiomlán a úsáid, cuireann deontóirí neamhghaolmhara as na milliúin deontóir deonach atá ar fud an domhain rogha oiriúnach eile ar fáil.

Bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) i 1989 le freastal ar an ngá atá le deontóirí ceall sinsear fhuilghinte d'othair in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Ó 2001, bíonn gach deontóir atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar tíopáilte go heisiach trí mhodhanna ADN (DNA) ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Imdhíoneolaíochta Histea-chomhoiriúnachta (SNTIH). Tá an clár ceadúnaithe ag an ÚRTS faoi Threoir Fíocháin 2004/23/CE an AE.

### Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991, tá CSNÉ cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain. Bronnadh creidiúnú iomlán clárlainne ar CSNÉ in 2012. Tá na comhordaitheoirí ar fad a oibríonn sa CSNÉ deimhnithe trí chlár oideachais CDSD.

### Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn CSNÉ deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ó bhunachar sonraí Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (DSD) ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas (OSS) agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn (OMLC). Cuireadh 98 n-othar ar aghaidh chuig CSNÉ in 2018 i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhair.

Fuair seasca a dó othar Éireannach gaschealla ó dheontóir neamhghaolta in 2018. Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór (58).

### Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Rinne an CSNÉ ceangal le Córas Eolais na hEorpa um Dheontóirí Smearaigh (CEEDS), córas cumarsáide a ligean do chlárlanna idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair tástála leathnaithe. Roghnaíodh seachtó a naoi deontóir Éireannach i gcomhair tástála breise in 2018.

### Deontóirí na hÉireann

Déantar deontóirí gascheall féideartha a earcú trí chlinicí deonaithe fola, áit ar féidir leo iarratas a dhéanamh le bheith ar an gclár. Tháinig 360 deontóir deonach nua isteach i CSNÉ in 2018, tá os cionn 22,000 deontóir féideartha ar CSNÉ anois.

Éascaíodh deonú ó cheathrar deontóirí Éireannacha in 2018, i gcomhair othar náisiúnta agus idirnáisiúnta. Níor tharla aon Insileadh Limfisíte Deontóra in 2018.

Ó 1991, tá CSNÉ cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain.




# Cáilíocht agus Cloí

## Cáilíocht agus Cloí

Tharla roinnt athruithe laistigh den fheidhm Cáilíocht & Cloí in 2018. Tá forbairt déanta ar Straitéis Cháilíochta athbhreithnithe do SFÉ agus táthar á cur i bhfeidhm anois. Tá an Straitéis Cáilíochta deartha chun a chinntiú go bhfuil córas bainistíochta cáilíochta daingean ag SFÉ, a chuireann ar chumas na heagraíochta a chuid misean a chur i gcrích go héifeachtach, agus a chinntiú go bhfuil sábháilteacht othair agus deontóra mar cheann dá príomh- thosaíochtaí. Tá an straitéis Cháilíochta tógtha ar thrí phríomhcholún:

### Córais Cháilíochta Nua-aimseartha

- Beidh ár gCóras Bainistíochta Cáilíochta comhlíontach, éifeachtach agus éifeachtúil. Déanfaimid na prionsabail a ghabhann le Bainistíocht Riosca Ardchaighdeáin a ionchorprú, agus rachaimid i dtreo Córais Leictreonaigh um Bainistíocht Cáilíochta (CLBC) a bheidh comhtháite

### Gafacht Geallshealbhóra

- Is gné lárnach de cháilíocht a chumhdach in Eagras Fola ná caidreamh folláin, táirgiúil a bheith ann idir an fheidhm Cháilíochta agus an chuid eile den eagraíocht. Forbróimid caidreamh éifeachtach lenár gcomhghleacaithe, agus cruthóimid fíor-chur chuige comhpháirtíochta le prionsabail agus cleachtais cháilíochta a chumhdach inár n-eagraíocht

### Lucht Oibre Cáilíochta Inbhuanaithe

- Chun gur féidir an Straitéis Cháilíochta a chur i ngníomh tá gá againn le:
- Foireann a bhfuil cáilíocht agus taithí oiriúnach acu
- Dóthain líon foirne, lonnaithe san áit a bhfuil gá againn leo
- Pleanáil chomharbais éifeachtach, gan aon phointe spleáchais
- Struchtúr agus cumas bainistíochta éifeachtach laistigh den fheidhm Cháilíochta
- Forbróimid, tacóimid le agus cumasóimid lucht oibre Cáilíochta inbhuanaithe, a bheidh mar bhunchloch do rath leanúnach amach anseo.

### Ar na príomhéachtaí ag an straitéis seo a baineadh amach in 2018, bhí:

An fhoireann um Fhorbairt Córas Cáilíochta a chruthú, a bhfuil mar chúram orthu athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras bainistíochta cáilíochta atá againn faoi láthair, agus athruithe a thiomáint. Trí fhoireann dhíograiseach a bheith againn cuirfear ar ár gcumas dóthain ama agus acmhainní a chur i leataobh don chúram fíor-thábhachtach seo

Ceapachán Bhainisteoir Rialaithe Cáilíochta, atá freagrach anois as na ceithre shaotharlann atá suite i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, agus atá mar chuid den fheidhm Cáilíochta. Tríd an gceapachán seo a dhéanamh táimid in ann na sineirgí idir na saotharlanna a iniúchadh agus a fhíorú, agus seirbhís saotharlainne níos éifeachtaí a sheachadadh.




Tús a chur le samhail Chomhpháirtí Gnó Ardchaighdeáin chun é a imlonnú laistigh den fhoireann Dearbhaithe Cáilíochta. Tá sé seo deartha chun a chinntiú go bhfuil foireann DC ainmnithe, ar féidir leo cabhrú le hábhair a bhaineann le cáilíocht bhainistíochta, ag tabhairt tacaíocht láidir dár bhfoirne oibriúcháin.

Tá obair shuntasach beartaithe do 2019 agus ina dhiaidh sin chun a chinntiú go gcuirfear na trí philéar sin i bhfeidhm, le cur ar chumas an Straitéis Cháilíochta a chur i gcrích go rathúil.

## Nuashonrú Rialála

Tugadh isteach na Treoirlínte Deachleachtais d'Fhorais Fhola agus do Bhainc Fhola Ospidéil mar dhlí na hÉireann in 2018. Tá tacar breise treoirlínte anseo a bhfuiltear ag súil go gcloífidh SFÉ leis mar Fhoras Fola. Tá ÚRTS ag úsáid na dtreoirlínte sin anois le linn gnáth-chigireachtaí Fhorais Fola. Chuimsigh clár bliantúil cigireachta an ÚRTS 6 chuairt chigireachta i rith 2018 agus iad dírithe ar 4 chlinic agus 2 chuairt láithreáin. Chlúdaigh siad sin gníomhaíocht an Fhorais Fola amháin agus níor bhain aon chigireacht leis an bhForas Fíochán, ná le Dáileadh Earraí Leigheasach. Ardaíodh dhá neamhchomhlíontacht mhór i gcomhair gnéithe den chóras FF.

Déantar nuashonrú rialta ar na hÚdaruithe Déantúsaíochta freisin i rith na bliana agus déantar iad a choimeád chun nádúr reatha SFÉ a léiriú. Comhdaíodh tuarascálacha bliantúla freisin ar ghníomhaíochtaí bainteacha na bhForas Fola agus Fíochán de réir riachtanais SFÉ.

> ***“Rinneadh 942 gearán in 2018, i gcomparáid le 1026 in 2017. Ba é 79% an céatadán a críochnaíodh san fhráma ama cuí, i gcomparáid le 70% in 2017.”***

## Príomhshonraí Cáilíochta

Déanann SFÉ monatóireacht ar Theagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) agus ar Fhrithghníomhartha Troma Dhíobhálacha (FTDanna) agus tugann sí tuairisc fúthu don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH). Thuairisc SFÉ 60 Teagmhas Trom Díobhálach (TTDanna) agus 46 Frithghníomh Troma Díobhálach (FTDanna) don OHN. Is ionann é sin agus laghdú de 12 TTD agus 14 FTD i gcomparáid le 2017. Is mar gheall ar earráidí próiseála agus dáilte a bhí formhór na TTDanna a thuairisc SFÉ.

Déanann SFÉ taifeadadh, imscrúdú agus gníomhaíocht tríd an gcóras Tuairiscí Teagmhais (TT) maidir le teagmhais inmheánacha saincheiste a bhfuil an fhéidearthacht ann tionchar a bheith acu ar shábháilteacht deontóra agus táirge, nó arb ionann é agus imeacht ó na nósanna imeachta ceadaithe. Rinneadh 618 TT in 2018, i gcomparáid le 899 in 2017. Ba é 78% an céatadán a críochnaíodh san fhráma ama cuí, i gcomparáid le 70% in 2017.

Déanann SFÉ taifeadadh, imscrúdú agus freagairt ar ghearáin chustaiméara tríd an gcóras um Ghearáin Chustaiméara. Rinneadh 942 gearán in 2018, i gcomparáid le 1026 in 2017. Ba é 79% an céatadán a críochnaíodh san fhráma ama cuí, i gcomparáid le 70% in 2017.

Ghlac SFÉ le 312 aistarraingt in 2018 a bhain le TTanna agus le Gearáin. Tá sé sin i gcomparáid le 364 aistarraingt táirge in 2017. Mar a tharla i mblianta roimhe sin, ba mar thoradh ar fhógra iar-dheonacháin ar thinnis ó dheontóirí formhór na n-aistarraingtí sin.

Déanann SFÉ bainistíocht réamhghníomhach ar athruithe ar phróisis agus ar nósanna imeachta trí chóras Rialaithe Athraithe. Ligeann an córas seo dúinn rioscaí agus tairbhí athraithe a rochtain sula gcuirtear i bhfeidhm é. Ardaíodh 385 rialú athraithe in 2018, agus críochnaíodh 50% díobh. Tá sé sin i gcomparáid le 593 rialú athraithe in 2017, ar críochnaíodh 53% díobh ag deireadh na bliana sin. Ina theannta sin, ardaíodh 406 Ordú Athraithe a úsáideadh chun nuashonrú a thabhairt ar cháipéisí áit nach bhfuil gá le aon athrú suntasach ar phróisis in 2018, agus ba é an ráta críochnaithe ná 81%. Tá sé sin i gcomparáid le 538 ordú athraithe a ardaíodh in 2017, le ráta críochnaithe de 78%.




## Acmhainní Daonna

Cuireann ár ráiteas misin an lucht oibre ag an lárphointe le seirbhís fola den chéad scoth a sheachadadh agus díríonn ár bhfís ar bharr feabhais sa seachadadh seirbhíse seo trínár ndaoine. Déantar bainistíocht daoine a riaradh go straitéiseach san eagraíocht trí Fhoirne Feidhmiúcháin AD: Bainistíocht agus Oibríochtaí AD Foghlaim agus Forbairt; agus Sábháilteacht agus Slándáil Comhshaoil (SSC), le freagracht bhreise as Cumarsáid Inmheánach agus Seirbhísí Leabharlainne.
Le cúlra d'eacnamaíocht atá ag fás, teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn, lánfhostaíocht nach mór, sochaí atá ag fáil níos éagsúla agus lucht oibre ilghlúine, tá an eagraíocht ag céim athghiniúnach ina saolré agus tá sí ag dul trí hathrú cultúrtha.


### AD Bunathraithe

Mar fhreagra táthar ag bogadh i dtreo AD bunathraithe atá straitéiseach agus a thiomáineann athrú cultúrtha a chuireann luach ar dhaoine agus ar bhainisteoirí daoine, a threoraíonn, a thacaíonn le agus a aithníonn ionchur agus ardfheidhmíocht, agus a chuireann an eagraíocht i staid mhaith don todhchaí.

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le bainistíocht straitéiseach daoine, go háirithe trí spriocanna straitéiseacha Foghlama agus Fáis ár gCárta Scórála, chun príomhthionscnamh straitéiseacha AD reatha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Bhí an cur chuige bunathraithe ag díriú ar thrí thosaíocht straitéiseach chónasctha, a bhfuil tionchar acu ar fud na heagraíochta. Is iad sin

8. a bheith mar fhostóir roghnaithe agus ionad oibre den scoth (Gafacht Fostaí)
9. cur chuige soiléir sainithe a bheith ann chun tallann a bhainistiú agus a bharrfheabhsú san eagraíocht (Tallann a Bhainistiú) agus
10. cultúr cumasúcháin a chruthú ina ndéanfar fostaithe a spreagadh agus a fhorbairt chun ardfheidhmíocht agus athrú leanúnach (Feidhmíocht Chumasúcháin) a bheidh éascaithe ag AD bunathraithe a sheachadadh, agus a bheidh dírithe ar an Fheidhm AD a athshuíomh mar thiománaí straitéiseach, i gcomhpháirtíocht leis an eagraíocht chun AD agus spriocanna straitéiseacha eagraíochta a chomhlíonadh a bheidh ag teacht le misean, fís agus luachanna na heagraíochta.




## AD Bunathraithe

## Ionad Oibre den Scoth©: 2018

Rinne an eagraíocht a céad suirbhé ar ghafacht Foirne um Ionad Oibre den Scoth Foirne i 2015, leis an ngealltanas chun suirbhé leantach a dhéanamh trí bliana níos deireanaí. Tá dul chun cinn suntasach déanta leis na tosaíochtaí inghníomhaithe a sheachadadh mar a cuireadh in iúl dár bhfostaithe in 2015 agus i Samhain 2018, agus rinneadh ár ndara suirbhé a rolladh amach arís mar a gheall muid mar fhreagracht fhoireann fheidhmiúcháin Bhainistíochta agus Oibriúcháin AD. Bhí an ráta freagartha 20 pointe céatadáin níos airde, ag 68%, in 2018 ná mar a bhí in 2015, agus léirigh sé ionadaíocht i bhfad níos leithne agus níos iomláine ar na róil éagsúla, ar an réimse thíreolaíoch agus ar an éagsúlacht laistigh den eagraíocht. Tháinig ardú suntasach de 9 bpointe céatadáin ar an innéacs gafachta dearfaí ó thoradh 2015, a thaispeáin gurbh fhiú an obair chrua go léir le gafacht fostaithe a fheabhsú - cuid mhaith déanta tuilleadh le déanamh! Déanfar an chéad ghlúin eile de thosaíochtaí inghníomhaithe a aimsiú agus a chomhaontú in 2019, agus dréachtófar pleananna feidhmiúcháin.

## Ag Glacadh le Teicneolaíocht


Gné shuntasach béime ag na Foirne Feidhmiúla AD go léir in 2018 ab ea glacadh le teicneolaíocht nua, rud a dhéanann bunathrú ar an mbealach a ndéantar Bainistíocht agus Oibríochtaí, Foghlaim agus Forbairt agus SST AD a bhainistiú agus a chur i gcrích. Déanann an cur chuige seo bunathrú ar an mbealach a bhfaigheann fostaithe rochtain ar agus a ndéanann siad idirghníomhú leis na seirbhísí a bhaineann leo. Bíonn ionchais sainithe go soiléir agus bíonn cuntasacht níos trédhearcaí.

## Foghlaim agus Forbairt (F&F)

Tugann ár straitéis gnó 2017-2020 sainmhíniú ar 'Foghlaim agus Fás' mar cholún straitéiseach criticiúil. Mar thoradh ar sin, ailíníonn ár Straitéis Foghlama agus Forbartha 2017-2020 leis na spriocanna straitéiseacha agus na riachtanais ghnó fhoriomláine a bhfuil achoimre tugtha orthu inár straitéis gnó agus cuireann sí taca fúthu. Is í an fhís F&F atá againn ná 'Oibriú, Foghlaim agus Fás le Chéile', rud a bhfuil sé mar dhlúthchuid de go mbíonn athrú dearfach mar thoradh ar chultúr foghlama, oibre agus fáis le chéile agus trí dheiseanna nuálacha foghlama fad saoil trína gcumasaítear an eagraíocht go léir le bheith ina ionad oibre iontach.

Is fachtóir cumasúcháin a bheidh i gcur i bhfeidhm rathúil ár straitéis F&F chun 'na daoine cearta ag a bhfuil na scileanna cearta a sholáthar ag an am ceart' ionas go mbeidh sé ar ár gcumas déileáil le cuid mhaith dúshlán a bheidh romhainn amach anseo.

Forbraíodh agus tugadh isteach ár gCreat Foghlama agus Forbartha agus na prionsabail a bhain leis chun tacú le spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a chur i bhfeidhm go rathúil trí shaineolas, fás agus seachadadh a sholáthar. Chun an seachadadh is fearr a dhéanamh i ngníomhaíochtaí aicme F&F tá tacar prionsabal coitianta tugtha isteach a léiríonn cur chuige dea-chleachtais agus a chruthaíonn struchtúr agus seasmhacht ar an gcaoi a ndéantar F&F a phleanáil, a bhainistiú agus a ailíniú le spriocanna straitéiseacha na heagraíochta féach thíos.




### Prionsabail na Foghlama & na Forbartha

Ba chéad chéim thábhachtach é ár bpróiseas Forbartha Feidhmíochta (FF) a rolladh amach chun ár straitéis F&F a sheachadadh. Tá ár bpróiseas FF atá á threorú ag fostaithe dírithe ar riachtanais foghlama agus forbartha a thagann ó chomhráite FF agus ar deireadh beidh seirbhís níos fearr againn dár ndeontóirí agus dár bhfaighteoirí aistriúcháin mar thoradh air.


Ar an mbealach céanna, tá an eagraíocht tiomanta chun cumais agus acmhainneacht cheannairí reatha agus na todhchaí a neartú trínár gCreat Ceannaireachta agus Bainistíochta a fhorbairt. Cuireann cleachtadh bunaithe ar fhianaise agus gafacht páirtithe leasmhara bonn eolais faoin gcéim forbartha den tionscnamh ríthábhachtach seo. Tá trí lár-cholún inár gcreat:
Ceannaireacht Eagraíochta

## Ceannaireacht Foirne agus Ceannaireacht Aonair

agus tá ár misean agus ár gclár deartha chun ár ngá a léiriú le hacmhainní na ceannaireachta a dhaingniú.
Cinnteoidh an fhorbairt ar bhealaí oiliúna sonracha do róil go mbeidh fostaithe in ann cur leis an eolas, an inniúlacht agus an acmhainn a bhfuil gá leo ina ról, de réir a chéile. Cinnteoidh sé seo, dá réir sin go mbeidh ar ár gcumas acmhainn aonair agus eagraíochtúil a thógáil i rith an ama i dtimpeallacht atá ag athrú i gcónaí.

## Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht (T, S&S)

Is í ár n-aidhm, mar atá uirthi i Straitéis SFÉ 2017 - 2020 ná "Sláinte agus sábháilteacht Timpeallachta a chumhdach san eagraíocht". Is é an cultúr a bhfuil fúinn a bhaint amach ná cultúr ina mbeidh TSS mar chuid den ról ó lá go lá laistigh den eagraíocht. Agus é ag croílar na béime, chuir TSS tús le tionscadal in 2018 chun Córas Bogearraí sa tSábháilteacht agus Sláinte Cheirde (SSC) a sheachadadh don eagraíocht leis an sprioc córas comhtháite agus lárnach a chur i bhfeidhm chun taifid sláinte agus sábháilteachta a stóráil agus a eagrú.




## Forbhreathnú ar Chóras Bogearraí S&S Ceirde

Rinneadh seoladh rathúil ar an gclár leis an tuairisciú leictreonach ar thimpiste/theagmhas/neastimpiste a rolladh amach. Thacaigh seachadadh thríocha-cúig seisiún traenála, duine le duine agus traenáil grúpa chomh maith, ar fud na heagraíochta, leis an gcur i bhfeidhm. Leanfar leis an tionscadal seo a chur i bhfeidhm thar an mbliain seo chugainn agus cuirfear cáipéisí sláinte agus sábháilteachta chuig córas ESS, a mbeidh measúnú riosca agus cigireachtaí ina measc.

Lean ár gComhairleoir ar Shábháilteacht Earraí Contúirteacha (CSEC) ag obair laistigh den eagraíocht in 2018 agus leagadh amach clár traenála tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar ár riachtanais traenála sa réimse seo. Cuireadh tús le clár traenála dár bhfostaithe go léir in 2018 agus leanfar ar aghaidh leis in 2019.

# Airgeadas

| Cuntais Achoimre na bliana dar críoch 31 Nollaig 2018 | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 66,430 | 67,482 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 1,463 | 1,389 |
| **Ioncam iomlán** | **67,893** | **68,871** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **70,572** | **70,865** |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | (2,679) | (1,994) |
| Méadú/(Caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin | 1,926 | 7,224 |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (9) | (17) |
| Aistriú go Cúlchiste Taighde | (155) | 124 |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (55,232) | (60,569) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | (56,149) | (55,232) |

## Ioncam

Tá anailís déanta ar ioncam iomlán an Bhoird do 2018 ar luach €67.9 milliún (2017 €68.9 milliún) mar ioncam athfhillteach agus ioncam neamhfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam €66.43 milliún (2017 €67.48 milliún) a fuarthas ó tháirgí agus sheirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil. Cuimsíonn ioncam neamhfhillteach de €1.46 milliún (2017 €1.39 milliún) deontas ón Roinn Sláinte maidir le tástáil VHE agus maoiniú iarchurtha don scéim pinsin shingil na seirbhíse poiblí. Léiríonn an laghdú ar ioncam athfhillteach méideanna níos lú do Chealla Dearga agus do Phláitíní in 2018.

## Caiteachas

Ba é an caiteachas a rinneadh in 2018 ná €70.6 milliún (€70.9 milliún in 2017). Tagann an laghdú ar chaiteachas den chuid is mó ó laghdú ar chostais dhímheasa.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 102.

## Cúlchistí

Tá cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid chiste na bliana dar críoch 31 Nollaig 2018 ná €8.60 milliún.

Bhunaigh an Bord cúlchiste taighde in 2006. Ba é iarmhéid an chiste taighde in 2018 ná €1.8 milliún. (2017 €1.6 milliún).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.0 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh i rith 2017 (€1.7 milliún in 2017).

Chuimsigh na príomhinfheistíochtaí i rith na bliana infheistíocht bhreise i bhfearas tástála saotharlainne agus reoiteoirí ionaid chomh maith le huasghrádú ar an gcóras aláram dóiteáin.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an gnáthchreidmheas a bhíonn gafa ag an mBord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, ná 30 lá tar éis don sonrasc a bheith faighte, nó tar éis do dheimhniú a bheith faighte go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2018, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €311,573 déanach ar feadh 15.74 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc seo agus 1.43% de líon agus 0.81% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €11,159.14

Leanann an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta riaracháin ar mhaithe le cabhrú le laghdú a dhéanamh ar an oiread ama a chaitear ar fhiosruithe agus réitigh maidir le sonraisc.

# Sonraí teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Dlíodóirí

Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

An tIonad Náisiúnta Fola
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
t: 01/4322800
r:contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

## Ionad Chorcaí

Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021/4807400

## Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath

2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000

## Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan

6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808

## Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041/6859994

## Ionad Cheatharlach

Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125

## Ionad Thuama

Lárionad Gnó N17
Tuaim
Co na Gaillimhe
T: 093 70832

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.

**Teil:** 00 353 1 4322800
**Facs:** 00 353 1 4322930
**Ríomhphost:** contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850 731 137